The Authority recognises an asset corresponding to the unfunded deferred liability for the Unfunded Regional Tourism Organisations Pension Scheme and the Unfunded (formerly CERT) pension scheme as set out in the Accounting Policy for pensions.

	2017	2016
	€'000	€'000
Unfunded (formerly CERT) pensions scheme and Unfunded Regional Tourism Organisation Scheme (Based on the Provisions of the Financial Measures Act 2009).	113,423	11,757
Total	113,423	111,757

The Net Deferred Funding for Pensions recognised in the Income and Expenditure Account is as follows:

	2017	2016
	€'000	€'000
Funding Recoverable in respect of current year retirement benefit costs -Unfunded (formerly CERT) pensions scheme and Unfunded Regional Organisation Tourism Scheme	4,779	4,793
State Grant applied to pay pensioners	(2,738)	(2,157)
Staff Contributions applied to pay pensioners	(308)	(300)
	1,733	2,336

The quantification of the liability is based on the financial assumptions set out in the note below (E). The assumptions used, which are based on professional actuarial advice, are advised to the Department of Transport Tourism and Sport.

(E) Scheme and Actuarial Assumptions

The valuation of the schemes' liabilities used for the purposes of FRS 102 Section 28 Employee Benefits disclosures has been based on a full actuarial valuation at the 31 December 2017 carried out by a qualified independent actuary. Pension scheme liabilities have been measured using the projected unit method

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2017

26. PENSIONS (CONTINUED)

Principal actuarial assumptions used to calculate the scheme liabilities:

	31/12/2017	31/12/2016
	%	%
Discount rate	1.8	1.8
Rate of increase in salaries	3.30	3.25
Future state pension increases	3.30	3.25
Future pension increases	2.8*	2.75
Inflation Rate	1.80	1.75
Revaluation in deferment	2.8**	2.75**

Demographic Assumptions	31/12/2017	31/12/2016
Mortality Pre Retirement	Male 62% of PNML00 Female 70% of PNML00	Male 62% PNFL00 Female 70% of PNFL00
Mortality Post Retirement	Male 58% of PNML00 Female 62% of PNML00	Male 58% of PNML00 Female 62% of PNML00
Allowances for future improvements in mortality	Yes	Yes
Retirement Age	New entrants 65, other employees 62***	New entrants 65, other employees 62***
% married at retirement	90%	90%
Age difference between spouses	A male is assumed to be 3 years older than his spouse	A male is assumed to be 3 years older than his spouse

*In the case of the CERT scheme, future pension increases of 3% p.a. are assumed

**In the case of the CERT scheme, statutory revaluation applies to deferred benefits. As a result a revaluation in deferment rate of 1.75% p.a. is assumed (2016 1.75%). In the case of the other Fáilte Ireland pension schemes deferred benefits are assumed to revalue in line with pay parity increases of 2.8% p.a. (2016 2.75%).

***The retirement age for the CERT pension scheme is 65 for all members.

The mortality basis above explicitly allows for improvements in life expectancy over time, so that life expectancy will depend on the year in which a member attains retirement age. The table below shows the life expectancy for members attaining age 65 in 2017 and 2037.

Year of attaining age 65	2017	2037
Life expectancy - Male	21.2 years	23.7 years
Life expectancy - Female	23.7 years	25.8 years

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2017

26. PENSIONS (CONTINUED)

(F) History of defined benefit obligations, assets and experience gains and losses

	2017	2016	2015	2014	2013	2012
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Defined benefit obligations	278,681	274,814	244,188	242,135	221,485	231,888
Experience gain/(loss) on scheme liabilities						
• Amount (€'000)	899	(571)	473	4,751	8,540	1,632
• Percentage of present value scheme liabilities	0.32%	0.21%	0.19%	2.0%	3.9%	0.7%

27. GOING CONCERN

The Financial Statements have been prepared on the going concern basis. At the time of preparing the 2017 Financial Statements there is uncertainty as to the continued longer term funding of the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme by the Oireachtas as the scheme is not mentioned in the Financial Measures (Miscellaneous Provisions) Act 2009 which provides legislative backing to the Group's three other pension schemes.

The Authority has sought assurance from the Department of Transport, Tourism and Sport and the Department of Public Expenditure and Reform as to the continued funding of this scheme and to date this assurance has not been received. Accordingly, the Authority has decided not to provide for a deferred asset in the Financial Statements totalling €165m, being the value of the deferred liability of the scheme.

In assessing the going concern position of the Group the Authority has considered the following

1. The Oireachtas continues to provide funding on a pay as you go basis for the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme through the annual Estimates process.
2. The organisation is a state body established by the National Tourism Development Authority Act 2003 and 95% funded by the Oireachtas.
3. There are currently no plans to dissolve the organisation.
4. The funding of the pension scheme is an ongoing issue and the Authority has not been given a definitive position that funding will or will not continue.
5. The crystallisation of the potential liability will span a period of 32 years into the future.

Based on the above considerations the Authority members are satisfied that the Group has adequate resources to continue for at least 12 months from the date of approval of these Financial Statements and it is appropriate to adopt the going concern at basis in the preparation of the Financial Statements.

The Authority members have also concluded that the uncertainty re the National Tourism Development Superannuation Scheme does not represent a material uncertainty that casts significant doubt about the Group's ability to continue as a going concern and on that basis the Authority will continue to adopt the going concern basis in preparing its Financial Statements.

28. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

These financial statements were approved by the Authority on 17 May 2018.

Prompt Payments by Public Sector Bodies

Reporting Template pursuant to Government Decision S29296 of 2 and 8 March 2011 and 28 March 2017 by: The Health Service Executive, the Local Authorities, State Agencies and all other Public Sector Bodies, (excluding Commercial Semi State bodies)

Parent Government Department: Department of Transport, Tourism & Sport
 Public Sector Body: National Tourism Development Authority (Fáilte Ireland)
 Quarterly Period Covered: 1st Jan 2017 to 31st December 2017

DETAILS	NUMBER	VALUE €	PERCENTAGE (%) OF TOTAL NUMBER OF PAYMENTS MADE
Total payments made in Year	12037	€57,033,649.46	100%
Payments made within 15 days	11110	€48,019,949.92	92.30%
Payments made within 16 days to 30 days	731	€7,074,084.99	6.07%
Payments made in excess of 30 days that were subject to LPI and compensation costs	155	€1,597,638.62	1.29%
Payments made in excess of 30 days that were not subject to LPI and compensation costs	41	€341,975.93,	0.37%
Amount of late payment interest (LPI) paid in Year	N/A	€3717.80	N/A
Amount of compensation costs paid in Year	N/A	€8150.00	N/A



Dun A Rí, Forest Park, Co. Cavan



Fáilte Ireland

National Tourism Development Authority



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Ráitis Airgeadais Bhliain dar Chríoch An 31 Nollaig 2017



Oifigí Fáilte Ireland

**CEANNOIFIG –
BAILE ÁTHA CLIATH**
Áras Fáilte
88-95 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath D01 WR86

Íosghlao: 1890 525 525

Ríomhphost:
info@failteireland.ie

Láithreán Gréasáin:
www.failteireland.ie

Tomhaltóir:
www.discoverireland.ie

CORCAIGH
Aonad 2, Teach Nessian,
Páirc Ghnó Riverview
Bóthar Bessboro,
An Dúcharraig
Corcaigh T12 R8HE

Íosghlao: 1890 525 525

PORT LÁIRGE
4ú hUrlár, Teach Wallace
Geata Maritana
Sráid Cheanada
Port Láirge X91 PP2R

Íosghlao: 1890 525 525

SLIGEACH
Áras Reddan
Sráid an Teampaill
Sligeach F91 RX45
Íosghlao: 1890 525 525

AN IARMHÍ
2ú hUrlár Teach Fair Green
Green Bridge
An Muileann gCearr
Co. na hIarmhí N91 V5WC

Íosghlao: 1890 525 525

GAILLIMH
Aonad 20F,
Páirc Ghnó an Leasa Bháin
Bóthar Thuama
Gaillimh H91 X0YK

Íosghlao: 1890 525 525

LUIMNEACH
2ú hUrlár, The Granary
Sráid Mhichíl,
Luimneach V94 P38C

Íosghlao: 1890 525 525





Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

**CHUIG AN AIRE IOMPAIR,
TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT**
De réir an Achta um Údarás Náisiúnta
Forbartha Turasóireachta, 2003, cuireann
Fáilte Ireland a tuarascáil don bhliain dar
chríoch 31 Nollaig 2017, i láthair.

CLÁR NA NÁBHAR


Ráiteas an Chathaoirligh	5
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	9
Ráiteas Corparáide	21
Gníomhaíocht Oiliúna 2017	21
Comhaltaí Údaráis 2017	22
Struchtúr na Roinne, Fáilte Ireland	26
Uimhreacha na Turasóireachta 2017	27
Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh 2017	29
Ráitis Airgeadais Comhdhlúite	32
Íocaíochtaí Prasa le Comhlachtaí na hEarnála Poiblí	71



Fáilte Ireland

National Tourism Development Authority

“...táimid thar a bheith dírithe i
Fáilte Ireland, cur leis an turasóireacht
ar bhealach inbhuanaithe...”



Carrig Phádraig, Co. Tiobraid Árann

MICHAEL CAWLEY



Ráiteas an Chathaoirligh

Táim fíor-shásta a thuairisciú go raibh bliain eile den scoth againn sa bhliain 2017. Tháinig fás 3% ar líon na dturasóirí a tháinig chun na tíre ag baint buaicphointe nua amach a bhí os cionn 9 milliún agus bhí ardú 6% go €4.9bn ar ioncam mar gheall ar mheascán fabhrach de mhargaí bunaidh. Tháinig fás 3% freisin ar líon na dturasóirí baile, a chruthaigh ioncam de €1.9bn.

Amhail blianta roimhe seo, tá baint dhíreach ag an fás atá ar an líon turasóirí idirnáisiúnta leis an ardú atá ar an rochtain ar aerthaisteal, agus táim sásta a thabhairt ar aird go mbeidh forbairtí breise ar acmhainní sa bhliain 2018, go háirithe ó na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Meánoirthear, Hong Cong agus mórhíir na Síne, leagtha amach chun a tacú le leibhéal i bhfad níos fearr agus níos airde turasóirí sa bhliain 2018.

Ní mór dom, áfach, foláireamh a thabhairt maidir leis an mhoill atá ann ó thaobh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar an t-aerfort ba mhó fáis san Eoraip sa bhliain 2017, bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi bhrú, in amanna, mar gheall ar eitiltí breise a bhí curtha ar fáil ag aerlínte ann. Is ionann Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an príomhphointe rochtana straitéiseach do thurasóirí atá ag tabhairt cuairte ar an tír ina hiomláine, le 80% de na heitiltí go léir a thagann isteach ina n-eitiltí turasóireachta. Beidh sé ríthábhachtach mar sin cur le heitiltí breise in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun fás amach anseo a choinneáil ag imeacht.

Gan dabht, is próiseas fadtéarmach atá i bpleanáil agus i bhfeidhmiú bonneagar nua aerfoirt, ach tá sé soiléir cheana féin go bhfuilimid tite ar gcúl ó thaobh freagairt do riachtanais na n-eitiltí nua atá ag teastáil chun dul i ngleic leis an ardú réamh-mheasta ar líon na bpaisinéirí. Beidh an turasóireacht buailte, chomh maith le go leor earnálacha eile sa gheilleagar mura dtabharfaimid aghaidh go tapa ar an easpa bonneagair seo atá romhainn.

Ar an gcéad réimse eile atá ag déanamh tinnis dom tá an dochar leanúnach atá á dhéanamh do dhearcadh ár gcustaiméirí maidir le luach a bheith le fáil ar airgead in Éirinn. Maidir le praghsanna óstáin i mBaile Átha Cliath, is cúis áthais dom go mbeidh suas le 5,400 seomra breise againn san ardchathair faoi dheireadh na bliana 2020. Chomh maith leis sin, táthar ag súil go mbeidh 1,500 seomra agus svuít á gcur leis an lóistín le seirbhísí agus leis na tithe aíochta i mBaile Átha Cliath sna trí bliana go dtí an bhliain 2020. Cuideoidh an t-ardú seo le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir soláthar agus éileamh sna trí bliana atá romhainn, ag cabhrú ar an mbealach sin feabhas a chur ar iomaíochas agus beidh sé ina vóta muiníne as cuimse sa tionscal agus ina chruthúnas dearfach gur leanamar na beartais chearta le cúig bliana anuas.

Mar is gnách, bíonn dúshláin ag baint le rathúlacht agus táimid dírithe i bhFáilte Ireland aghaidh a thabhairt ar roinnt de na príomhshaincheisteanna atá i ndán do thionscal na turasóireachta in Éirinn.

Nuair a bhreithnítear go dtarlaíonn tuairim is 70% den ghníomhaíocht turasóireachta i 30% de mhórchríoch na tíre, tá sé soiléir go bhfuil an ghníomhaíocht reatha turasóireachta ag díriú an iomarca ar chúpla príomhionad. Bheimis ag cailleadh amach ar an acmhainneacht iontach atá ag an earnáil turasóireachta i dtaobh forbairt réigiúnach má leanaimid ag cur le líon na gcuariteoirí gan aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí móra atá idir réigiúnacha faoi láthair.

Dá bhrí sin, táimid thar a bheith dírithe i Fáilte Ireland, cur leis an turasóireacht ar bhealach inbhuanaithe. Rinneamar Slí an Atlantaigh Fhiáin a leagan amach chun treallús a chur faoin turasóireacht ón taobh ó thuaidh go dtí an taobh ó dheas agus tá Sean-Oirthear na hÉireann cruthaithe againn le scaipeadh níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sa chuid den tír atá breithnithe a bheith ina chrios idirthuais. Rinneadh dul chun cinn leis an obair a bhí idir lámha ag Fáilte Ireland le linn na bliana 2017 le níos mó gníomhaíochta réigiúnacha a chruthú agus bhí an fás ar ghníomhaíocht maidir le Sean-Oirthear na hÉireann, mar shampla, chun cinn go suntasach ar rátaí na coda eile den tír, rud a léiríonn go bhfuil an straitéis seo ag feidhmiú.

Tá an gá leis an séasúr a bheith níos faide ina ábhar mór eile imní, i dtéarmaí cur go hinbhuanaithe leis an turasóireacht. Níl sé inghlactha nach bhfuil roinnt gnólachtaí turasóireachta ag trádáil ach ar feadh 10 go 12 seachtain i gcodanna den tír. Ní mór dúinn tionscal turasóireachta a bheith againn a bheidh oscailte ar feadh na bliana ar fad. Ar feadh na bliana 2017, bhí Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí turasóireachta ar fud na tíre, rannpháirteach i gclár oibre maidir le síneadh a chur leis an séasúr, agus mar thoradh ar an gclár sin, rinneadh seachadadh ar 12 tionscadal tiomnaithe chun síneadh a chur leis an séasúr. Chomh maith leis sin, dhíríomar maoiniú féilte go straitéiseach le níos mó béime a chur ar an earrach agus ar an bhfómhar chun síneadh a chur le tarraingteacht na hÉireann mar cheann scríbe ar feadh na bliana féilire. Ar an mbealach céanna, bhí an-fhonn orainn, go háirithe i dtéarmaí infheistíocht chaipitil, maoiniú a dhéanamh ar nithe ar díol spéise iad agus atá in ann don aimsir ar feadh na bliana go léir chun tacú le tionscal atá 'ag feidhmiú de shíor' ar feadh na bliana iomlán.

Le linn na bliana 2017, cheadaigh Fáilte Ireland infheistíocht shuntasach in earnáil na turasóireachta chun tacú le fás. Áirítear os cionn €22m i 36 tionscadal caipitil; €3.7 milliún do bhreis is 250 féile; agus tacaíochtaí d'oilíúint agus d'fhorbairt do 3,500 gnólacht, leis an infheistíocht seo. Bhí leibhéal suntasach tacaíochta san áireamh sa cheann deiridh sin do 600 gnólacht mar chuid dár gclár 'Bí Ullamh don Bhreathimeacht', clár nua a seoladh sa bhliain 2017. Cé go bhfuil sé ró-luath fós lena fháil amach cén tionchar a bheidh ag an mBreathimeacht ar an turasóireacht, tá sé soiléir nach mór do ghnólachtaí aonair chomh mór is atá siad ag brath ar mhargadh na Breataine a laghdú agus na leibhéil luaineachta reatha á dtógáil san áireamh. Dá réir sin, rinneadh clár maidir lena bheith 'Ullamh don Bhreathimeacht' Fáilte Ireland a leagan amach chun cuidiú le gnólachtaí tabhairt faoin éagsúlú agus bualadh faoi mhargáí nua agus a riosca a scaipeadh ar fud líon ceann scríbe.


Is cúis áthais dom a thabhairt ar aird gur lean Fáilte Ireland, le linn na bliana 2017, lena cuid oibre ar chur chun cinn na tíre mar cheann scríbe gnó turasóireachta, le €162m bainte amach ó thaobh gnó de don bhliain reatha agus do na blianta atá romhainn agus breis is €400m ginte i mbuntáistí atá ar na bacáin. Tá spriocanna uailmhianacha againn leis an turasóireacht a mhéadú sna deich mbliana atá amach romhainn agus le €1.2bn a ghiniúint don tír ar bhonn bliantúil faoin mbliain 2028.

Le linn na bliana 2017, sheolamar caighdeán chóiríochta nua agus caighdeán chóiríochta nua-aimseartha agus thugamar tacaíocht don Chlár Printíseachta nua do Commis Chef. Ag tarraingt le deireadh na bliana, rinneadh dul chun cinn maidir lenár gcuid oibre ar bhranda nua do lár na tíre, agus i mí Aibreáin 2018, thugamar isteach, le díocas millteanach ón ngnó, an píosa deiridh den taithí branda, Croíthailte Ceilte na hÉireann. Tá na luath-chomharthaí thar a bheith dearfach.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann Fáilte Ireland as a ndúthracht agus a ndíograis leanúnach sa tionscal agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bPríomhfheidhmeannach, Paul Kelly, as an eagraíocht a stiúradh agus mar gheall ar an obair nuálach atá idir lámha ag an eagraíocht chun tacú le deiseanna turasóireachta a fhorbairt san earnáil turasóireachta go léir.

Tá buíochas ar leith ag dul do mo chomhghleacaithe ar an Údarás. Táim an-bhuíoch as an tacaíocht, léargas agus comhairle iontach atá á thabhairt acu dom féin agus don fheidhmeannas – ní féidir luach a chur air.

Ar deireadh, thar mo cheann féin agus mo chomhghleacaithe ar an Údarás, is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht atá a fháil againn ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross TD agus ón Aire Stáit, Brendan Griffin TD agus as a gcuid oibre ar son na cúise. Sa chomhthéacs sin, is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Stáit, Patrick O'Donovan T.D freisin. Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht atá á fháil againn ó Graham Doyle, Ard-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus óna chomhghleacáí, an Rúnaí Cúnta, Ken Spratt, a bhfuil feidhm Turasóireachta na Roinne á stiúradh aige.




Michael Cawley
Cathaoirleach



Trá na Rosann, Co. Dhún na nGall

“...Sháraigh an turasóireacht in Éirinn na hionchais go léir sa bhliain 2017 nuair a cuireadh fáilte roimh beagán os cionn 9m turasóir ó thíortha thar lear, an líon is airde riamh...”

PAUL KELLY
CEO, Fáilte Ireland



Dún Másc, Co. Laoise

PAUL KELLY



Athbhreithniú an Phríomh- fheidhmeannaigh

Ba bhliain den scoth a bhí sa bhliain 2017 don turasóireacht in Éirinn. Bhí an bhéim go príomha á chur ag Fáilte Ireland ar feadh na bliana, trína bheith i mbun oibre le gnólachtaí mórthimpeall na tíre, ar a chinntiú go mbeidh fás ag tarlú i ngach réigiún sna blianta atá romhainn agus go scaipfear gníomhaíochtaí ar fud séasúr turasóireachta a bheidh níos faide.

Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige seo buntáistí a thabhairt do gach réigiún sa tír le leas a bhaint as ioncam breise ón turasóireacht agus as fostaíocht bhreise ar feadh na bliana ar fad agus taithí nua turasóra a oscailt suas do mhargaí thar lear. Rinneamar iarracht é sin a bhaint amach trí fhorbairt a dhéanamh ar thaithí branda réigiúnach, leanúint le gnó na turasóireachta a fhás agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, i ngníomhaíochtaí agus i dtacaíochtaí gnó turasóireachta.

Sháraigh an turasóireacht in Éirinn na hionchais go léir sa bhliain 2017 nuair a cuireadh fáilte beagán os cionn 9m turasóir ó thíortha thar lear, an líon is airde riamh, a léirigh ardú 3% i gcomparáid leis an mbliain 2016, agus a bhí i bhfad os cionn an bhuaicphointe 7.7m turasóir ó thíortha thar lear a baineadh amach roimh an gcúlú eacnamaíochta. Bhain an caiteachas a bhí á dhéanamh ag na turasóirí seo freisin an leibhéal is airde riamh amach agus caiteachas turasóirí ó thíortha thar lear suas 6% go €4.9bn.

Bhí fás 3% ar mhargadh baile turasóireachta na hÉireann freisin sa bhliain 2017 agus tháinig ardú 5% ar ioncam go €1.9bn.

Bhí fás seasta sna croímhargaí thar lear ar feadh na bliana 2017. Tháinig ardú 16% ar líon na dturasóirí ó Mheiriceá Thuaidh, an cúigiú bliain as a chéile d'fhás dédhigiteach le 1.7m turasóir. Tháinig fás 5% go 3.3m turasóir ar líon na dturasóirí ó Mhórhthír na hEorpa, a sháraigh líon na bliana roimhe sin.

Mar a bhíothas ag súil leis, tháinig laghdú 5% go 3.4m turasóir sa bhliain 2017, ar líon na dturasóirí ón

mBreatain mar thoradh ar an éiginnteacht atá á chruthú ag an mBreaitimeacht, agus mar gheall ar an lagú atá ag teacht ar luach an Steirling, a léirigh laghdú go dtí díreach faoi 200,000 turasóir i gcomparáid leis an mbliain 2016. Lean Fáilte Ireland le linn na bliana, lena gcuid oibre agus iad ag díriú ar an gcroímhargadh seo leis an laghdú a dhéanamh níos boige chomh maith le cabhrú le gnólachtaí turasóireachta díriú ar mhargaí eile atá ag teacht chun cinn. Léirítear an acmhainneacht atá ag i margáí eile nuair a fhéachtar ar an margadh agus an Bhreatain fágtha as an gcothromóid, agus fás 9% tagtha ar líon na dturasóirí ó thíortha thar lear i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Cé go raibh laghdú ar líon na dturasóirí ón mBreatain, bhí an líon cuairteoirí foriomlán as cuimse sa bhliain 2017 léirithe i bhfeidhmíocht na ngnólachtaí turasóireachta, go háirithe laistigh den earnáil cóiríochta. Tá fás ag teacht le roinnt blianta anuas ar an earnáil cóiríochta – lena n-áirítear, ar óstáin, tithe aíochta agus ar Leaba is Bricfeasta – agus níorbh aon eisceacht a bhí sa bhliain 2017, tráth ar thuairiscigh dhá thrian (67%) de sholáthróirí fás ar líon na gcuariteoirí i gcomparáid leis an mbliain 2016, agus ba bhliain mhaith a bhí sa bhliain 2016 freisin.

Bhí cúrsaí go maith ag na hóstáin arís sa bhliain 2017, agus thuairiscigh 69% go raibh feabhas ar an ngnó i gcomparáid leis an 12 mí roimhe sin. Bhí Meiriceá Thuaidh ar cheann de na margáí a bhí ag cur treallús faoin fhás seo – le 61% d'óstáin ag cur lóistín ar fáil do níos mó cuairteoirí ó Mheiriceá. Mar a bhí amhlaidh ag formhór na ngnólachtaí i dtionscal na turasóireachta, bhí laghdú ar an ngnó a bhí á fháil

ag óstáin ó Thuaisceart Éireann (tá 36% de ghnólachtaí síos) agus ón mBreatain Mhór (49% de ghnólachtaí síos).

Bhain sé theach aíochta as deich (59%) sásamh as líon níos airde cuairteoirí freisin le linn na bliana 2017, agus thuairiscigh leath (49%) de lucht Leaba is Bricfeasta fás sa bhliain 2017 chomh maith. Thuairiscigh beagnach leath (46%) d'oibreoirí iostas féinfhrestail borradh sa ghnó ó thar lear sa bhliain 2017 agus bhí an cás amhlaidh ó thaobh leath (50%) de bhrúnna.

Bhí ardú ar an ngníomhaíocht i measc codanna eile den earnáil turasóireacht freisin. I gcás nithe ar díol spéise iad ó thaobh na turasóireachta de, cuireadh fáilte roimh líon cuairteoirí a bhí ionann is dhá thrian (63%) níos airde le linn na bliana. Thuairiscigh leath na mbialann atá i gceantair ina mbíonn líon mór turasóirí go raibh níos mó gnó a fháil acu ó thurasóirí sa bhliain 2017 freisin.

Chinntigh scála an fháis sa bhliain 2017 gur thuairiscigh beagnach 62% de sholáthróirí cóiríochta brabúsacht níos fearr le linn na bliana. Léirigh taighde

a rinne Fáilte Ireland, gur tháinig ardú ar leibhéil fhostaíochta laistigh den tionscal de réir mar a tháinig ardú ar líon na gcuariteoirí ar fud na hearnála. Níos spreagúla fós, d'fhostaigh gnó amháin as cúig (21%) ghnó turasóireachta níos mó daoine ar bhonn lánaimseartha le linn na bliana, lena n-áirítear 33% d'óstáin.

Go ginearálta, tháinig fás ar dóigh idir 15,000 go 240,000 post ar fhostaíocht turasóireachta sa bhliain 2017. Sin i gcomparáid le glanfhás de 8,300 post i dtionscal na tógála, gan aon fhás i seirbhísí airgeadais agus 5,300 i gcaillteanas poist sa talmhaíocht.

Tarraingíonn an fás ar ioncam, a leagtar amach sa tuarascáil seo, agus an cumas atá aige fostaíocht a spreagadh, aird ar chomh tábhachtach is atá tionscal na turasóireachta don tír seo. Tá an tábhacht a bhaineann leis an turasóireacht níos fiúntaí fós nuair a bhreithnítear go gcruthaítear an fás seo ar ioncam agus ar fhostaíocht i roinnt mhaith codanna den tír nach bhfuil mórán tionscail mhóra iontu agus áit a bhfuil an turasóireacht ríthábhachtach do phobail áitiúla le maireachtáil.

TAITHÍ DEN SCOTH A FHORBAIRT DO CHUAIRTEOIRÍ

Tá forbairt a dhéanamh ar a cuid brandaí réigiúnacha do thaithí cuairteora lárnach ó thaobh straitéis Fáilte Ireland i leith gníomhaíocht fóillíochta turasóireachta a fhás agus i leith fás agus ioncam a chruthú ar fud na réigiún. Trí rathúlacht na mbrandaí réigiúnacha seo, chonaiceamar chomh tábhachtach is atá taithí cuairteora atá ar ardleibhéal don turasóireacht. Cé go bhfuil gleoiteacht ag baint le gach uile bhaile in Éirinn, tá sé soiléir go dteastaíonn taithí cuairteora atá ar ardleibhéal sa tír, taithí a bheidh in ann seasamh amach go hiontach ar na margaí idirnáisiúnta.



WILD ATLANTIC WAY

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Gan ach trí bliana agus ceithre shéasúr turasóireachta curtha di ag Slí an Atlantaigh Fhiáin ó seoladh an feachtas sa bhliain 2014, leanann Slí an Atlantaigh Fhiáin le cuairteoirí a mhealladh idir cuairteoirí baile agus lucht saoire ó thar lear. Tá aithne thar na bearta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin in Éirinn agus tá Cósta Thiar na hÉireann curtha ar an mapa aici mar thaithí saoire atá uathúil agus iontach araon. Tháinig tuilleadh fáis sa bhliain 2017 ar an mbranda taithí réigiúnach nuair a rinneadh forbairt ar thaithí chomh maith le tionscnaimh chun fad a chur ar an séasúr croiláir turasóireachta ar fud an réigiúin.

Le linn na bliana 2017, tugadh tionscadal 'Léirmhíneithe & Brandála Shlí an Atlantaigh Fhiáin' chun críche in

am do shéasúr na turasóireachta, rud a chuir go mór le taithí an chuariteora trí léargas a thabhairt dóibh ar scéalta agus ar thréithe tíreolaíochta na slí. Chuir sé sin go mór leis an achar a bhí á chaitheamh ag cuairteoirí san áit, trína moilliú le blaiseadh a fháil ar an mbealach sin agus a bheith rannpháirteach le cultúr agus le traidisiún na bpobal feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin.

Ceann de na dúshláin is mó atá i ndán do ghnólachtaí turasóireachta agus do phobail feadh na slí ná nádúr séasúrach an ghnó – go háirithe lasmuigh de na lárionaid uirbeacha atá ann cheana. Ag leanúint ar aghaidh ó rathúlacht tionscnaimh 'Extending the Season' le Fáilte Ireland, d'oibrigh foireann Shlí an Atlantaigh Fhiáin le 12 chnuasghrúpa le forbairt a dhéanamh ar shraith taithí as séasúr lena gcur i láthair cuairteoirí agus ceannaitheoirí mar bhealaí le gnó a dhéanamh de réir a chéile lasmuigh den séasúr croiláir turasóireachta.

Tá uirlisí a sholáthar do ghnólachtaí mar chomhpháirt lárnach den obair seo, le tuiscint a fháil ar an gcostas a

bhaineann le gnó a dhéanamh agus le deis a thabhairt dóibh le cinní gnó atá tomhaiste agus stuama a dhéanamh. Ar thoradh lárnach a bhí ar an obair seo bhí forbairt 125 taithí nua cuairteora don idirshéasúr. Rinne Slí an Atlantaigh Fhiáin óstáil ar chomhaltai de Chumann na gComhlachtaí Taistil in Éirinn (ITOA) ar thuras ceann scríbe intíre i mí Deireadh Fómhair chuig críosanna an *Surf Coast* agus *Northern Headlands* araon le taithí ó bhun a chur ar fáil dóibh agus le cúiseanna iontacha a thabhairt dóibh le tuilleadh clár maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur i láthair sa leath thuaidh den réigiún. Rinne Fáilte Ireland seachadadh freisin ar dhá fheachtas earraigh agus fómhair ardtionchair Shlí an Atlantaigh Fhiáin do mhargadh baile na hÉireann le tacú le saoire incriminteach feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin.

Ar an iomlán, ba bhliain láidir a bhí sa bhliain 2017 i dtéarmaí forbairt a dhéanamh i ndáiríre ar thaithí cuairteora feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin. Chomh maith leis an taithí nua seo a chruthú le tuilleadh gnó a mhealladh le linn an ama lasmuigh den séasúr, rinne Fáilte Ireland tuilleadh forbartha ar phleananna turasóireachta fadtéarmacha (Pleananna Forbartha maidir le Taithí Cuairteora), ar cuireadh tús leo sa bhliain 2016.

Leagtar amach sa Phlean Forbartha maidir le Taithí Cuairteora do Chósta Sceilg Mhichíl i gCiarraí Theas, an scéal maidir le ceantar Cósta Sceilg Mhichíl agus méadaítear ceithre phríomhthéama a bhfuil an acmhainneacht acu aird an chuairteora a tharraingt ar an réigiún le taithí éagsúil a chur ar fáil dóibh maidir le laoch agus le taithí thánaisteach. Seoladh an plean seo i mí Eanáir 2017 agus tá an plean ag an gcéim fheidhmiúcháin faoi láthair. Tá ceangal níos fearr cruthaithe aige cheana féin idir an pobal gnó agus turasóireachta sa cheann scríbe, a chabhraíonn ó thaobh cur le taithí láidir maidir leis an méid atá ar fáil don chuairteoir sa cheantar.

Sa bhliain 2017, rinneadh forbairt ar dhá phlean bhreise – *Conamara & Oileáin Árann* agus *Boirinn & Aillte an Mhothair*. Táthar ag súil plean, *Conamara & Oileáin Árann* a sheoladh i dtús na bliana 2018 agus leanfar lena chur i bhfeidhm láithreach. Leanfar le tabhairt chun críche agus le seoladh an plean don

Boirinn & Aillte an Mhothair sa chéad ráithe de 2018. Cuireadh tús le hobair i ndeireadh na bliana 2017 ar thrí phlean forbartha breise maidir le taithí cuairteora – Leithinis an Daingin i gCiarraí, Inis Eoghain i nDún na nGall agus na *Three Heads* in Iarthar Chorcaí. Tá na pleananna seo de réir na sprice lena dtabhairt chun críche i lár na bliana 2018.

Mar chuid d'obair Fáilte Ireland le leathnú a chur ar thaithí Shlí an Atlantaigh Fhiáin trí shiúlóidí lúibe agus turais cairr a fhorbairt feadh an bhealaigh, cruthaíodh Slí Inbhear na Sionainne sa bhliain 2017. Tá Slí Inbhear na Sionainne leagtha amach le cuairteoirí a spreagadh a dhul ag fánaíocht níos faide isteach i gContae Luimnigh agus ar thaobh Chontae an Chláir d'Inbhear na Sionainne.

Tugadh céim aitheantais an bhealaigh chun críche in am do shéasúr an tsamhraidh 2017 agus cuireadh léarscáil cuairteora ar fáil agus rinneadh an léarscáil sin a scaipeadh go forleathan. Tugadh an straitéis nascleanúna chun críche le linn ráithe 3 agus tá an Straitéis léirmhínithe faoi fhorbairt i láthair na huaire agus ar na bacáin lena thabhairt chun críche don bhliain 2018, agus leanfar é sin le líon Láthair Amhairc a chabhróidh le cuairteoirí a mhealladh. Tabharfar an obair seo chun críche in am do shéasúr turasóireachta na bliana 2018 agus tá sé beartaithe líon turais bhreise sa charr a fhorbairt i Réigiún Shlí an Atlantaigh Fhiáin sa bhliain 2018.

Rinne Fáilte Ireland infheistíocht os cionn €1.1m sa bhliain 2017 freisin chun tacú le 152 féile náisiúnta agus réigiúnach feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin, le cuairteoirí a spreagadh le cuairt a thabhairt ar pháirteanna difriúla den réigiún.

Chun cabhrú le beocht a chur sa mhéid atá á thairiscint ar fud Slí an Atlantaigh Fhiáin, amhail 2017, thug os cionn 1,000 úinéir gnó turasóireachta, pearsanra líne tosaigh agus ambasadóirí pobail clár Seaimpiní Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun críche. Baineann an tionscnamh leas as díograis agus as tiomantais oibreoirí turasóireachta áitiúla agus cabhraíonn leo le seachadadh a dhéanamh ar an taithí cuairteora is fearr is féidir trí sheirbhís den scoth.





Idir an dá linn, tá tionchar suntasach ag Sean-Oirthear na hÉireann – an branda taithí réigiúnach is nuai atá ag Fáilte Ireland- ar an turasóireacht ar fud oirthear na tíre. Mar a chéile leis an mbliain 2017, rinneadh seachadadh ar beagnach 32,000 iostas oíche incriminteacha agus tá os cionn 50 cúrsa taistil de chuid Sean-Oirthear na hÉireann á gcur chun cinn ar an margadh idirnáisiúnta.

Go deimhin, tá fás á thabhairt faoi dearadh ag gnólachtaí atá obair le Fáilte Ireland ar Shean-Oirthear na hÉireann atá chun cinn ar an margadh. Mar shampla, bhí ardú 13% ar líon na gcuairteoirí agus fás 14% ar ioncam bhliain ar bhliain mar thoradh ar nithe is díol spéise ó thaobh na turasóireachta a bhfuil Fáilte Ireland ag obair leo. Chabhraigh Sean-Oirthear na hÉireann freisin lena chinntiú go bhfuil an méid atá á thairiscint ó thaobh na turasóireachta in Éirinn níos inbhuanaithe mar go bhfuil scaipeadh séasúrach agus réigiúnach cuairteoirí atá níos fearr mar thoradh air.

Rinneadh leathadh amach go cuimsitheach, ar fud an réigiúin, ar fheidhmiú brandála agus comharthaíochta do Sean-Neasoirthear na hÉireann, tráth ar suiteáladh os cionn 100 comhartha treoshuimh ag suíomhanna straitéiseacha ar fud an réigiúin agus tá os cionn 250 comhartha curtha in airde ar theorainneacha contae le téama an chontae orthu. Tá athsholáthar déanta ar dhachaichead a dó painéal baile stairiúil i mbailte laistigh den cheantar. Tá cruthúnas ann go éirigh thar barr leis an ngníomhaíocht seo ó thaobh an réigiúin a mharcáil go soiléir agus ó thaobh cuairteoirí a spreagadh le dul ag fámaireacht ar fud an cheantair go léir agus achar níos faide a chaitheamh san áit. Tá sé léirithe ag taighde ar tugadh faoi le tomhaltóirí chomh maith le haiseolas ón úinéir suímh, go bhfuil tionchar ag na comharthaí treoshuimh ar an gcuairteoir ó thaobh cuairte a thabhairt ar shuíomhanna breise sa réigiún, ag cur, ar an mbealach sin, leis an am agus leis an gcaiteachas atá á dhéanamh ag an gcuairteoir sa cheantar.

Leanann Fáilte Ireland le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainní agus scileanna an tionscail laistigh de Shean-Oirthear na hÉireann. Sa bhliain 2017, cuireadh oiliúint ar bhreis is 1,500 comhalta foirne líne tosaigh maidir leis an taithí branda réigiúnach chun cur an méid is fearr is féidir leis an acmhainneacht chun cuairteoirí a mhealladh, agus d'fhreastail 862 duine ó thionscal na turasóireachta ar cheardlanna a cuireadh ar fáil ar fud an réigiúin. Áirítear orthu sin, oiliúint chrosdiola a chur ar fáil do 1,500 comhalta foirne líne tosaigh, bhí tionchar dearfach aige seo – chuir 33% de na cuairteoirí idirnáisiúnta a bhí ag tabhairt cuairte ar nithe is díol spéise iad ó thaobh Sean-Oirthear na hÉireann in iúl go raibh siad faoi thionchar cuairt ó thabhairt ar

ionad cuairteoirí eile sa réigiún – sin i gcomparáid leis an meán náisiúnta 19%.

Chun borradh a chur faoin tarraingteach maidir le scéalaíocht stairiúil an réigiúin, atá i grollár taithí branda an réigiúin, rinne Fáilte Ireland infheistíocht €520,500 freisin i bhféilte i gceantar clár Shean-Oirthear na hÉireann agus tá go leor acu sin ag díriú ar chraiceann a chur ar na scéalta áitiúla.

Mar a chéile le Slí an Atlantaigh Fhiáin, cuireadh tús le Pleananna Forbartha maidir le Taithí Cuairteora do scéalta aitheantais Shean-Oirthear na hÉireann. Tá trí cinn de na pleananna sin críochnaithe anois - *Tales of Two Worlds, Castles agus Conquests agus na Vikings*.

Agus é mar aidhm feabhas a chur ar thaithí an chuairteora chun díriú ar mhargaí thar lear, tá Sean-Oirthear na hÉireann chun tosaigh ó thaobh taithí a chur ar fáil i dteangacha iasachta. Sa bhliain 2017, rinne Fáilte Ireland forbairt ar os cionn 50 taithí maidir le Sean-Oirthear na hÉireann le léirmhíniú a chur ar fáil i dteanga iasachta, agus tá taithí 'den scoth' a chur ar fáil ag 30 acu seo agus úsáid á bhaint as treoraí pearsanta, clostreoir agus closamhairc.

Tá infheistíocht a dhéanamh i nithe is díol spéise ó thaobh na turasóireachta iad agus i dtaithí cuairteora lárnach ó thaobh acmhainn an bhranda a oscailt suas. Sa bhliain 2017 sheol Fáilte Ireland Scéim Deontais maidir le Léirmhíniú a dhéanamh ar Sheanchas freisin arbh fhiú €1m i chun feabhas a chur ar léirmhíniú, ar bheochan agus ar sheanchas atá ag feidhmiú ag láithreáin oidhreacht agus ag nithe is díol spéise iad ó thaobh na turasóireachta ar fud Sean-Oirthear na hÉireann. Cabhróidh sé seo le taithí den scoth agus le rannpháirtíocht an chuairteora ag suíomhanna ar fud an réigiúin, agus beidh deontais á gceadú sa bhliain 2018.

Chun cabhrú le treallús a chur faoi líon na gcuairteoirí san earrach agus san fhómhar, sheol Fáilte Ireland feachtas baile do thomhaltóirí freisin ar a dtugtar "Great Stories Stay with You Forever" le díriú ar ghnó lasmuigh de séasúr na turasóireachta. Chun beocht a chur sa taithí branda réigiúnach agus a bhfuil le tairiscint ag Sean-Oirthear na hÉireann, sheol Fáilte Ireland láithreán gréasáin freisin sa bhliain 2017, a bhfuil duaiseanna buaite aige, chomh maith le sraith ábhar digiteach leis an réigiún a thaispeáint do chuairteoirí baile agus do chuairteoirí a thagann thar lear.

Tá Sean-Oirthear na hÉireann bunaithe agus ag feidhmiú go maith mar bhranda taithí réigiúnach faoin am seo. Tá láithreach fhísiciúil aige ar an talamh trí thionscadail comharthaíochta agus tá sé comhtháite isteach ina thaithí cuairteora ag an tionscal agus ag páirtithe leasmhara. Tá forbairt a dhéanamh ar thaithí cuairteora ar bhonn leanúnach lárnach le cuairteoirí nua agus le ceannaitheoirí araon a mhealladh. Tá luath-chomharthaí rathúlachta tráchtála le feiceáil ar fud an réigiúin, agus tá an t-ardán á sholáthar ag Sean-Oirthear na hÉireann agus ag taithí cuairteora ar scála chun an deis a thabhairt do ghnólachtaí turasóireachta sa réigiún chun cur lena gcuid ioncam.

Dublin

Baineann tarraingt mhór ó thaobh cuairteoirí idirnáisiúnta i gcónaí le branda taithí réigiúnach Fáilte Ireland do Bhaile Átha Cliath, agus tá sé mar chomhpháirt atá thar a bheith láidir maidir lena bhfuil le tairiscint ag an turasóireacht in Éirinn. Le linn na bliana 2017, chuireamar fáilte go Baile Átha Cliath roimh beagnach 6m turasóir a tháinig ó thar lear – tá an líon as cuimse seo mar fhianaise ar an gcáil idirnáisiúnta atá ar Bhaile Átha Cliath mar cheann scríbe atá bríomhar, saibhir ó thaobh an chultúir agus thar a bheith spreagúil.

Tá bonn láidir faoi Bhaile Átha Cliath – tá leibhéal arda áitíochta sna hóstáin, tá ardú ar líon na n-eitiltí isteach agus tá borradh faoi na gnólachtaí turasóireachta agus táthar ag súil go leanfaidh an borradh sin le linn na bliana 2018 – is samplaí atá sa rathúlacht seo maidir leis an méid is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Bhí fadhb le hacmhainn, áfach, i mBaile Átha Cliath le linn na bliana 2017 rud a chur le praghsanna a bhí níos airde. Le bheith dearfach faoi, cuireann taighde Fáilte Ireland in iúl dúinn go bhfuil líon maith leapacha óstáin ag céimeanna na planála a éascóidh an brú ar sholáthar cóiríochta faoin mbliain 2020.

Bhí sé mar fhócas lárnach ag foireann an Chláir do Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017 cabhrú le gnólachtaí turasóireachta i mBaile Átha Cliath lena scóip a leanúil agus láithreach níos fearr a bheith acu ó thaobh an chuariteora idirnáisiúnta. Ar feadh na bliana 2017, d'oibrigh Fáilte Ireland i gcomhar leis an tionscal le cuairteoirí thar lear a mhealladh, le forbairt agus feabhas a chur ar thaithí an chuariteora agus le clár láidir comhpháirtíochta a chur le chéile, chomh maith le branda láidir cothromais a chur le chéile do Bhaile Átha Cliath.

Ar na nithe ba mhó a tharraing cuairteoirí go Baile Átha Cliath bhí féilte den scoth Fáilte Ireland. Rinne Fáilte Ireland infheistíocht a bhí os cionn €2m sa bhliain 2017 chun tacú le féilte náisiúnta agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath ar nós Féile Naomh Pádraig, Féile Lá Bloom agus an Tradfest. Chomhchruthaigh Fáilte Ireland Féile Bram Stoker agus Féile na Bliana Nua, a raibh an-tóir uirthi agus a chuir fáilte roimh os cionn 45,000 cuairteoir sa bhliain 2017. Den chéad uair riamh, bhain cuairteoirí idirnáisiúnta agus cuairteoirí as Éirinn araon taitneamh as bualadh chlog na Bliana Nua ag an 2017 Midnight Moment Performance a bhí díolta amach, agus a craoladh ar RTÉ agus ar fud an domhain mhóir a rinne cur i láthair den scoth ar Bhaile Átha Cliath.

Le linn na bliana 2017, thug Fáilte Ireland faoi obair mhór freisin chun cur le taithí an chuariteora ar an talamh, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis *Dublin Visitor Orientation*. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo cabhrú le cuairteoirí taisteal ar fud Bhaile Átha Cliath ar iompar poiblí, ar rothar nó de shiúl na gcós – agus é sin a dhéanamh go deas éasca agus le muinín ionas go mbeidh ar a gcumas dul ag fánaíocht timpeall na cathrach agus taithí a fháil ar a bhfuil le tairiscint ag cathair agus ag contae Bhaile Átha Cliath.



Rinne Fáilte Ireland, trí oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le *Sing London*, píolótú ar chlár 'Talking Statues' sa bhliain 2017, a dhéanann beochan ar 10 gcinn de dhealbh ar fud Bhaile Átha Cliath agus úsáid á mbaint glórtha daoine a bhfuil aithne mhór orthu agus le focail ó scríbhneoirí comhaimseartha, cuireann siad seo ardán speisiúil ar fáil do chuariteoirí agus do mhuintir na háite araon ó thaobh foghlaim faoi Bhaile Átha Cliath san am a caitheadh.

Le linn na bliana 2017, d'oibrigh Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thaithí an *Dublin Trail*, seoladh dhá chonair branda nua – *Iconic Sights*, *Hidden Highlights* agus *Inspiring Places*, *Hallowed Spaces*. Tá an dá chonair nua ar an ábhar breise is deireanaí a cuireadh le Conairí Fionnachtana Bhaile Átha Cliath, sraith de chonairí siúlóide féintreoirithe atá saor in aisce.

Bhí clár rannpháirtíochta tionscal Fáilte Ireland mar phríomhphiléar ina straitéis sa bhliain 2017, agus an eagraíocht ag obair go dlúth le gnólachtaí aonair, le grúpaí turasóireachta agus le grúpaí tionchair eile chun cabhrú le seachadadh a dhéanamh ar thaithí uathúil cuairteora ar Bhaile Átha Cliath. San áireamh ansin bhí deiseanna líonraithe do níos mó ná 800 comhalta ón ngnó i mBaile Átha Cliath, a chuir ar a gcumas caidreamh gnó a fhorbairt agus a chéile a chur chun cinn. Bhí os cionn 500 céimí ar Chlár Champions Fáilte Ireland sa bhliain 2017 – tionscnamh a chabhraigh le foirne fáilteachais le seirbhís den scoth a chur ar fáil agus Baile Átha Cliath a chur i láthair mar an áit saoire is fearr ar domhan do chuariteoirí le saoire a chaitheamh ann.

Áirítear ar bhuaicphointe gníomhaíochta margáíochta Fáilte Ireland sa bhliain 2017, Baile Átha Cliath a chur i láthair faoi bhranda aonair innte. Rinne Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann, thar ceann ceithre údarás áitiúla agus an Dublin Hotel Industry, seachadadh ar fheachtas margáíochta saincheaptha thar lear ar feadh na bliana. Tá an feachtas seo, lasmuigh den séasúr, dírithe ar fheachtas comhtháite idirhéasúr do Bhaile Átha Cliath a seachadadh ar fud príomhchathracha ar Mhórthír na hEorpa, sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain Mhór. Chruthaigh an ghníomhaíocht seo €48.3m ó thaobh Luach Comhionann Fógraíochta do Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Ar deireadh, d'oibrigh Fáilte Ireland le forbairt a dhéanamh ar bhranda taithí réigiúnach nua do Lár na Tíre agus feadh na Sionainne. Cuireadh é sin chun cinn go leanúnach ar feadh na bliana 2017 agus faoi dheireadh na bliana, bhí obair Fáilte Ireland ar an mbranda taithí réigiúnach nua beagnach críochnaithe agus réidh lena sheoladh i dtús na bliana 2018.

Príosún Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath



TÁIRGÍ TURASÓIREACHTA DEN SCOTH A FHORBAIRT

Tá treallús a chur faoi fhás sna réigiúin mar phríomhthosaíocht ag Fáilte Ireland, agus tá nithe den scoth is díol spéise iad ó thaobh na turasóireachta mar chuid bhunúsach de sin. Féachann Fáilte Ireland, chun é sin a bhaint amach, le gach deis a thapú le spreagadh a chur faoi fhorbairt taithe nua agus taithe ar leith ar fud na tíre agus, ar a seal féin, cuairteoirí ar fud an domhain a mhealladh chun na tíre.

I rith na bliana 2017 aisti féin, cheadaigh Fáilte Ireland tionscadail turasóireachta arbh fhiú breis is €22m ar an iomlán iad, chun cabhrú le treallús a chur faoi fhás i ngach cuid den tír sna blianta atá romhainn.

Léiríodh leibhéal suntasach spéise, tar éis dúinn scéimeanna deontais a sheoladh do thionscadail mhóra caipitil turasóireachta i lár na bliana 2016 agus fuairamar 115 iarratas. Le linn na bliana 2017, d'oibrigh Fáilte Ireland go dlúth le 24 tionscadal ar éirigh leo faoi Chéim 1 den scéim seo le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thograí cuimsitheacha atá ailníthe leis an moladh ábhartha branda, cibé i mBaile Átha Cliath nó ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin nó Sean-Oirthear na hÉireann. Táthar ag súil go bhfógróidh Fáilte Ireland líon mór de na tionscadail seo sa bhliain 2018 agus 2019.

Sa bhreis air sin, rinneadh maoiniú caipitil a leithdháileadh ar 36 tionscadal ar fud na tíre, lena n-áirítear líon comhpháirtithe straitéiseacha i ngníomhaireachtaí ar bhonn náisiúnta, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra NPWS), Coillte agus Uiscebhealaí Éireann ina measc. Is bealach nuálach atá sna comhpháirtíochtaí seo do Fáilte Ireland chun dul i gcomhar le gníomhaireachtaí stát eile agus cur an méid is fearr is féidir leis an méid infheistíochta sna tionscadail turasóireachta.

D'oibrigh Fáilte Ireland le linn na bliana 2017, le breis is 75 tionscadal caipitil ar fud gach réigiúin sa tír, chomh maith leis na tionscadail seo agus le tionscadail chaipitil a bhí ann cheana.

Le linn na bliana 2017, leagadh amach líon scéimeanna maoinithe spriocdhírthe lena seoladh sa bhliain 2018, lena n-áirítear, Scéimeanna Beaga Deontais do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus do Bhaile Átha Cliath, le comhlánú a dhéanamh ar na Scéimeanna Beaga Deontais atá ann cheana féin do Shean-Oirthear na hÉireann agus a rinneadh a leathadh amach sa bhliain 2017.

Ar an gcuma chéanna, tá infheistíocht Fáilte Ireland i bhféilte ag cabhrú le treallús a chur faoi fhás sna réigiúin agus le cuairteoirí baile agus cuairteoirí ó thar lear a mhealladh chuig páirteanna difriúla den tír.

Lean Fáilte Ireland sa bhliain 2017, faoina Clár Féilte Náisiúnta agus Rannpháirtíochta, le tacaíocht as cuimse a sholáthar, a chiallaigh infheistíocht breis is €3m i 35 féile agus imeacht ar fud na hÉireann chomh maith le €700,000 do 218 féile réigiúnach.

Chomh maith leis an iliomad féilte móra, ar thacaigh Fáilte Ireland leo, trína thaithe branda don chuairteoir, bunaíodh comhaontú maoinithe nua leis na hÚdaráis Áitiúla chun cabhrú le cur an méid is fearr is féidir le maoiniú a dhéanamh ar imeachtaí áitiúla. Aistríonn an comhaontú seo an maoiniú atá á chur ar fáil ag Fáilte Ireland faoina Clár Féilte Náisiúnta agus Rannpháirtíochta chuig na hÚdaráis Áitiúla sa bhliain 2018. Ciallaíonn a n-eolas agus a saineolas ar shócmhainní áitiúla, láidreachtaí agus stair – ag leibhéal contae - go bhfuil siad níos inniúla le maoiniú a dhíriú níos straitéise ar fhéilte agus ar imeachtaí rannpháirtíochta, imeachtaí agus féilte a bhfuil sé ar a gcumas cuairteoirí breise a mhealladh chuig ceantair.

Cabhróidh sé seo le réiteach a chruthú maidir le maoiniú atá níos éifeachtúla, níos sruthlíne agus a mbeidh níos mó tionchair aige do lucht eagraithe na bhféilte áitiúla, mar go dtacaíonn Údaráis Áitiúla le líon suntasach de na féilte céanna freisin.

Rud a bhí fíorthábhachtach sa bhliain 2017, gur lean Fáilte Ireland freisin le forbairt a dhéanamh ar a Chlár Nuálaíochta d'Fhéilte, le bealaí nua a aimsiú leis an gcultúr áitiúil agus áiteanna ar fud na tíre a thaispeáint, chomh maith le maoiniú a ualú i dtreo na n-imeachtaí sin ag a bhfuil an tionchar is mó i dtéarmaí cuairteoirí nua a mhealladh ó mhargaí croiláir.

Ar phríomhghné eile d'earnáil turasóireachta atá rathúil, tá ar ndóigh, timpeallacht agus tírdhreach nádúrtha na hÉireann. Ar feadh na bliana 2017, lean Fáilte Ireland lena chur chuige réamhghníomhach i leith inbhuanaitheacht comhshaoil trí ghlacadh le sárchleachtas agus bainistíocht a cuid gníomhaíochtaí agus tionscnaimh agus úsáid á bhaint acu as an tSamhail VICE (Cuairteoir, Tionscal, Pobal agus Timpeallacht) don Turasóireacht Inbhuanaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Aithníonn Fáilte Ireland, i ngach ní atá á dhéanamh acu, an tábhacht mhór a ghabhann le hacmhainní nádúrtha na tíre a chosaint agus a fheabhsú, agus leanann Fáilte Ireland ag obair leis an tionscal le hinbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn.

TUILLEADH GNÓ A THABHAIRT CHUN NA TÍRE

I dtéarmaí deiseanna trádála nua agus gnó nua a bhunú sa mhargadh fóillíochta, chruthaigh Fáilte Ireland beagnach 100 deis nua i measc gníomhairí taistil agus oibreoirí móra turais thar lear ar fud a trí branda taithí agus rinneadh oiriúnú ar 50 acu sin. Chuir na deiseanna seo 150,300 oíche lóistín breise incriminteacha ar fáil ar fud na trí bhranda taithí. D'oibrigh Fáilte Ireland go dlúth freisin le hidirghabhálaithe bealaí agus le ceannaitheoirí chun a chinntiú go bhfuil breis is 200 turas brandáilte ar díol thar lear anois, a chuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann agus Baile Átha Cliath chun cinn.

Le linn na bliana, bunaíodh ardáin nua trádála don tionscal san earnáil phléisiúir (Private Leisure Forums - California) agus an earnáil Óige agus Eachtraíochta (ITB Berlin - Youth, Adventure and Responsible Travel Hall). Chuir Fáilte Ireland trí imeacht gailf ar fáil ar oileán na hÉireann, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus ag Comórtas Oscailte na hÉireann.

Sa bhliain 2017, rinne Fáilte Ireland óstáil freisin ar an cheann de na mórdhíoltóirí turais is mó sa Ríocht Aontaithe, Albatross Tours, agus ar ocht nduine dhéag (18) dá gcuid cliant sa leath thuaidh de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, ag cur ardán ar fáil do 25 soláthróir Éireannacha lena dtáirge agus taithí a chur ar díol sa bhliain 2018. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo, chuir na mórdhíoltóirí lena gcuid díolacháin in Éirinn sa bhliain 2018, a chuaigh i gcoinne treocht an Bhreiteamachta. Rinne Fáilte Éireann, mar fhreagra díreach ar na dúshláin atá i ndán dúinn mar gheall ar an mBreiteamach, óstáil ar thuras eolas gailf i mBaile Átha Cliath, turas ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus ar Shean-Oirthear na hÉireann do chúig dhuine dhéag (15) oibreoir turais agus meáin ón Áise, ar mhaith leis an deis atá ag gabháil leis an bhfás láidir ar thaisteal gailf ón gCianoirthear a thapú.

Bhí foireann Forbartha Gnó Fáilte Éireann gnóthach freisin sa bhliain 2017 agus iad ag díriú ar an margadh a bhaineann leosan, trí sheachadadh a dhéanamh ar ocht gcinn de Phleananna Comhghníomhaíochta i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann. Tá na pleananna seo leagtha amach chun ailiniú leis an infheistiú atá á dhéanamh ar an dá ghníomhaireacht chun cur an méid is fearr is féidir leis na torthaí ón turasóireacht in Éirinn. Tá cláir nua ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus ar Shean-Oirthear na hÉireann mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo

a bheidh le díol sna Stáit Aontaithe, sa Fhrainc, sa Bhreatain Mhór agus sa Ghearmáin sa bhliain 2018.

Reáchtáil Fáilte Éireann tionscnamh píolótach freisin chun cabhrú le hoibreoirí turais agus gníomhaíochta rochtain a fháil ar an margadh idirnáisiúnta trí chainéil ar líne – rud a bhí dian ar na hoibreoirí seo roimhe seo. Rinneadh seachadadh ar an tionscnamh píolótach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin le hardán díolacháin ar líne ar a dtugtar Bókun agus atá lonnaithe san Íoslainn. Tar éis óstáil a dhéanamh ar cheardlanna i nGaillimh agus i gCathair na Mart, tá 33 cuideachta agus 131 táirge agus taithí á ndíol ar líne anois agus is féidir leo siúd atá ag úsáid an chórais iad a chrosdhíol - ag oscailt suas na féidearthachta le treallús a chur faoi oícheanta lóistín incriminteacha agus ag spreagadh cuairteoirí le tamall níos faide a chaitheamh sa dá cheantar seo.

Tháinig borradhfaoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha Fáilte Ireland le Cumann na gComhlachtaí Taistil in Éirinn (ITOA) sa bhliain 2017 tráth ar oibríodh i gcomhpháirtíocht le 21 chomhalta den ITOA, chomh maith le hoibreoirí turais a bhí lonnaithe in Éirinn agus nár chomhaltaí den ITOA iad agus le Cuideachtaí Socraithe Ceann Scribe (DMC'nna). Rinne Fáilte Ireland óstáil ar 35 ionadaí dá gcuid ar thurais eolais ar Shean-Oirthear na hÉireann agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin le taithí a chur i láthair maidir leis an táirge i ngach ceantar branda. Chuir Fáilte Ireland treallús faoi chlár píolótach freisin le hoibreoirí atá lonnaithe in Éirinn agus le DMC'nna a spreagadh chun cláir nua atá cruthaitheach a fhorbairt agus a léiríonn an Leath Thuaidh den oileán. Chruthaigh an "comórtas" seo idir na hoibreoirí naoi gcinn de chláir nua, agus tá trí cinn acu sin á ndíol cheana féin i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Eoraip don bhliain atá amach romhainn.

Cionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall

BORRADH A CHUR FAOIN TURASÓIREACHT GNÓ AR FUD NA RÉIGIÚN

Leanann an Turasóireacht Gnó de bheith ar cheann de na cineálacha turasóireachta is brabúsaí agus tá cuairteoirí ag taisteal go hÉirinn chun críocha gnó agus iad ag caitheamh trí oiread is atá á chaitheamh ag gnáthchuireoir.

Chun a chinntiú go leanann an rathúlacht seo sna blianta atá romhainn, faoi dheireadh na bliana 2017 bhí 633 deis maidir le himeachtaí gnó idirnáisiúnta ar na bacáin ag Fáilte Ireland don bhliain atá romhainn. Déanfar tuilleadh forbartha ar na deiseanna seo le raon iomlán tacaíochtaí praiticiúla agus airgeadais chun cabhrú lena gcomhlíonadh.

I gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann – faoin mbranda Meet in Ireland – d'eagraigh agus thacaigh Fáilte Ireland le láithreachtaí ón tír seo ag 45 príomhardán díolacháin idirnáisiúnta chun deis a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha bualadh le (MICE) (cruinnithe, dreasachtaí, comhdhálacha agus imeachtaí) ceannaitheoirí ó thar lear. Sheol Fáilte Ireland láithreán gréasáin nua turasóireachta gnó den scoth - meetireland.com – a chuireann ardán ar fáil do cheannaitheoirí ar fud an domhain ar Éirinn mar áit saoire ar leith.

Chun treallús a chur faoi fhás sna réigiúin, feidhmíonn Fáilte Ireland comhaontú seirbhíse leis an Regional Convention Bureau trína gceanglóidh Fáilte Ireland an leibhéal gnó a fhaigheann siad go díreach leis an maoiniú RCB. Sa bhliain 2017, fuarthas €36m eile do réigiúin na hÉireann, a sháraíonn an sprioc €27m.

Bhí forbairt a dhéanamh ar shaineolas agus ar acmhainn an tionscail sa Turasóireacht Gnó mar phríomhpháirt d'obair Fáilte Ireland sa bhliain 2017. Ar aon dul leis sin, rinne Fáilte Ireland óstáil ar an gcéad chuairt riamh ón SITE Global Board and Foundation; grúpa de cheannairí domhanda MICE a roinn tuiscint agus foghlaim le 250 Príomhsholáthróir MICE na hÉireann ag fóram oideachais.

Níos faide amach sa bhliain 2018, leanfaidh Fáilte Ireland le hinfeistíocht a dhéanamh i dTurasóireacht an Ghnó ar mhaithe le deiseanna gnó ar luach €165m a bhaint amach. Díreofar tosaíochtaí straitéiseacha ar chur an méid is fearr is féidir le deiseanna a ghiniúint do na blianta atá romhainn agus le cur leis an scaipeadh réigiúnach.

Aithneoidh Fáilte Ireland, ar mhaithe le leanúint leis an treocht láidir ó thaobh fáis, agus tabharfaidh tacaíocht d'imeachtaí dúchasacha agus a bhfuil an acmhainneacht acu líon suntasach de thoscairí a mhealladh. Go hidirnáisiúnta, táthar chun feachtas feasachta láidir a sheoladh agus beidh margáí nua á bhfiosrú ag an fhoireann, lena n-áirítear, Tuisceart na hEorpa agus Deisceart na hEorpa agus an Astráil. Déanfar taighde a stiúradh maidir leis an fhéidearthacht ó thaobh gnó ó mhargáí na hIndia agus Margáí na Síne.

TACÚ LE TIONSCAL ATÁ LÁIDIR

Ar phríomhfhócas ó thaobh obair Fáilte Ireland tá cur le tionscal atá láidir agus nuálach, ag an bhfuil an teacht aniar agus an inoiriúnaitheacht le haghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar mhargáí atá ag athrú. Bhí cur le cumas an tionscal ríthábhachtach do sheachadadh straitéiseach Fáilte Ireland sa bhliain 2017.

Tá Fáilte Ireland tar éis a bheith ag obair anois le 800 gnólacht agus le hionadaí tionscal ar fud na tíre trína 'Clár Bí Ullamh don Bhreathimeacht' chun a bheith ag súil agus chun déileáil le haon imthosca breise ó thionchar an Bhreathimeachta, agus le híoslághdú a dhéanamh ar aon rónochtadh maidir leis an margadh thar lear is gaire don tír seo. Tá Fáilte Ireland, go háirithe, ag cabhrú le gnólachtaí le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí atá ann don ghnó atá acu, freagairt do na hathruithe atá á mbrath acu faoi láthair, pleanáil a dhéanamh d'aon rud a d'fhéadfadh tarlú, agus athrú chuig margáí eile lena chinntiú go bhfuil cothromas sa mheascán custaiméirí atá acu.

Le linn na bliana 2017, lean Fáilte Ireland freisin le raon tacaíochtaí do ghnó na turasóireachta a sheachadadh chun cabhrú leis an tionscal iomlán le feabhas a chur ar a n-acmhainn díolacháin le fócas soiléir le cur an méid is fearr is féidir le feidhmiú an ghnó ar feadh na bliana. Áirítear leis seo, cur le saineolas maidir le húsáid cainéil dhigiteacha, seachadadh a dhéanamh

ar sheirbhís ar ardchaighdeán agus taithí iontach bia a chruthú do chuairteoirí ó gach cearn den domhan. Ar an iomlán, rinne rannán Forbartha Fiontair Fáilte Ireland seachadadh ar 200 clár gnó ar ardchaighdeán do bhreis is 5,500 cliant in os cionn 4,300 gnólacht anair.

Le linn na bliana 2017, lean Fáilte Ireland le forbairt a dhéanamh ar go leor dá cuid clár oiliúna agus tacaíochta, lena n-áirítear Clár Forbartha Díolacháin Idirnáisiúnta, Máistir-rang i mBainistíocht Ioncaim, Bainistíocht Ioncaim do Nithe is Díol Spéise, agus Clár Forbartha Feidhmiúcháin nua Foras Bainistíochta na hÉireann agus Fáilte Ireland chomh maith le Clár nua Sársheirbhíse creidiúnaithe.

Chuir Fáilte Ireland tacaíocht shuntasach ar fáil don Chlár Printíseachta Náisiúnta do Commis Chef faoi stiúir an tionscail sa bhliain 2017. D'oibrigh Fáilte Ireland, go háirithe, leis na príomhpháirtithe leasmhara laistigh den tionscal lena chinntiú go raibh gné oiliúna láidir 'ag an obair' ag gabháil leis an gclár.

Tá sé cruthaithe ag Aonad Taighde Fáilte Ireland arís eile go bhfuil an tAonad sin ina acmhainn sárluachmhar don tionscal trína léargais údarásach ar fheidhmíocht, treochoí atá ag teacht chun cinn, ar mhargaí agus ar thaithe cuairteora. Rinneadh coimisiúnú ar cheithre mhórhionscadal sa bhliain 2017 – Taisteal Eachtraíochta, Taisteal le haghaidh Pléisiúr, Léarscáilíú Cainéil agus Teicneolaíochtaí

Bunathraitheacha ar Líne. Chuir gach aon cheann de na píosaí taighde sin léarscáil bhealaigh ar fáil do ghníomhaíocht forbartha gnó sna ceithre réimse seo do na blianta atá romhainn, agus thug an deis do Fáilte Ireland na cainéil lena mbaineann an cumas is mó a shainmhíniú go soiléir le tionchar dearfach a bheith acu ar oícheanta lóistín incriminteacha a ghintear sna réimsí seo.

AG CUR NA HÉIREANN MAR CINN MAR PHRÍOMHCHEANN SCRÍBE DO CHUAIRTEOIRÍ

Agus an margadh saoire intíre ag soláthar gníomhaíochta ar feadh na bliana, ar fiú luach de thart ar €1.9bn é, rinne rannán margáíochta Fáilte Ireland infheistíocht os cionn €4m le forbairt agus seachadadh a dhéanamh ar ábhar meáin atá cruthaitheach agus éifeachtach leis an margadh saoire intíre a threisiú.

Sa bhliain 2017, sheol Fáilte Ireland feachtas tomhaltóra baile do Shean-Neasoirtheor na hÉireann ar a dtugtar “Great Stories Stay with You Forever”. Díriodh san feachtas seo ar ghnó lasmuigh den séasúr a fhás, agus chruthaigh an feachtas tóir thar na bearta, tráth ar fhéach nó ar chuala os cionn 90% den daonra fógraíocht Fáilte Ireland maidir leis an feachtas.

Den chéad uair riamh, rinne Fáilte Ireland sruthú beo thar trí lá i mí na Nollag ar Chriantstad an Gheimhridh ó Shlí an Bhrú. Thiúnáil beagnach 20,000 duine isteach beo ó thart timpeall an domhain agus bhí an ghníomhaíocht ar uimhir a haon ar YouTube ar feadh dhá lá. Go dtí seo, féachadh os cionn 500,000 uair ar an gcráoladh agus rinne na meáin náisiúnta clúdach leathan air. Chomh maith leis an ngníomhaíocht seo, bhí 2.5m rannpháirtíocht dhigiteach ag Fáilte Ireland, agus tugadh os cionn 500,000 cuairt ar an láithreán gréasáin chun féachaint ar Shean-Oirthear na hÉireann.

Sheol Fáilte Ireland feachtas nua freisin do Shlí an Atlantaigh Fhiáin le treallús a chur faoi ghnó lasmuigh den séasúr le linn an earraigh agus an fhómhair– áiríodh air seo fógraíocht nua teilifíse. Reachtáladh an feachtas seo ar mheáin lasmuigh, ar raidió agus ar na meáin dhigiteacha le nuashonruithe á léiriú ar fud na meáin shóisialta agus an láithreán gréasáin. Arís, d'fhéach nó chuala os cionn 90% den daonra an fhógraíocht seo.

Chomh maith leis sin, sheol Fáilte Ireland feachtas tiomnaithe Star Wars, lena n-áirítear, fógra nua do phictiúrlanna, mhair tréimhse an fheachtais sé seachtaine ar na meáin dhigiteacha agus ar na meáin shóisialta. Rinne sé sin comhlánú ar Sceilg Mhichíl a bhí le feiceáil sa scannán nua agus é mar aidhm treallús a chur faoi thurasóireacht sa cheantar. Rinneadh teagmháil le os cionn 600,000 tríd an bhfógra sa phictiúrlann agus tugadh os cionn 150,000 cuairt ar leathanach gréasáin Star Wars.

Ar an iomlán, rinneadh 4.5m teagmháil dhigiteach le branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus tugadh 1.5m cuairt ar an láithreán gréasáin le linn na bliana 2017.

Chuir Fáilte Ireland feachtas maidir le ceann scríbe cathrach idirnáisiúnta i bhfeidhm do Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann ar feadh sé seachtaine ar fud an iliomad margáí. Ar

an iomlán, rinneadh 13m teagmháil dhigiteach leis an mbranda agus tugadh os cionn 2m cuairt ar an láithreán gréasáin. Áirítear ar roinnt de bhuaicphointí an chláir ón mbliain 2017, bhí Baile Átha Cliath liostaithe ar an ‘2018 Best of the World’ ag an iris, an *National Geographic Traveller*, a bhfuil clú agus cáil uirthi, mar cheann de na 21 ceann scríbe ‘nach mór cuairt a thabhairt air’ an bhliain seo chugainn.

Idir an dá linn, d'oibrigh Fáilte Ireland le Turasóireacht Éireann freisin le feachtas a chur chun cinn thar lear maidir le hÉirinn mar cheann scríbe, san áireamh anseo bhí sraith turais eolais sainoiriúnaithe do na meáin thar lear agus d'oibreoírí taistil idirnáisiúnta.

Rinne Roinn Poiblíochta Idirnáisiúnta Fáilte Ireland óstáil ar líon iomlán de 843 duine ó na meáin idirnáisiúnta sa bhliain in 2017, agus thug roinnt acu sin chuairt ar níos mó ná aon chlár amháin agus aon chruinniú amháin le os cionn 4,000 gnó Éireannach. Is ionann an Luach Comhionann Fógraíochta a bhí mar thoradh ar chlúdach thar lear na gcuairteanna seo agus €104.2m, le Comhshroicheadh de bheagnach 9.2bn léitheoir agus lucht féachana ó 19 margadh thar lear. Rinne Fáilte Ireland óstáil freisin ar 558 mblagálaí TBEX ar fud an domhain, agus bhí 5bn imprisean Twitter i gceist leis.

Chomh maith leis sin, rinne Foireann Trádála Idirnáisiúnta Fáilte Ireland seachadadh ar 60 plean turais do Cheannaitheoirí Idirnáisiúnta ó 20 margadh ar fud Shean-Oirthear na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Baile Átha Cliath.

Rinne siad óstáil ar 1,337 gceannaitheoir idirnáisiúnta le linn na dturas eolais seo, agus d'fhreastail 360 acu ar cheardlanna in Éirinn le linn na bliana. Chuir Fáilte Ireland, trína turais, ceardlanna agus imeachtaí líonraithe, deiseanna ar fáil do 1,456 ionadaí ón tionscal in Éirinn ó thaobh a bheith rannpháirteach leis na ceannaitheoirí seo.

Rinne Fáilte Ireland, mar sméar mullaigh, earcú ar 311 ionadaí ón tionscal in Éirinn ar fud na trí thaithe branda, le freastal ar 52 ardán díolacháin difriúla i 20 margadh idirnáisiúnta – a chinntíonn go bhfuil Éire ar phleananna turais ar fud an domhain don bhliain seo romhainn agus níos faide ar aghaidh. .

CONCLÚID

Deimhníonn an tsraith iomlán seo d'fhigiúirí don bhliain 2017 an méid a bhí á rá ag gnólachtaí turasóireachta agus ag an tionscal linn ina iomláin ar feadh na bliana. Tá líon na dturasóirí ón mBreatain síos, tá líon na dturasóirí ón Eoraip suas agus sháraigh líon na dturasóirí ó Mheiriceá Thuaidh, le fás dédhigiteach, an líon turasóirí a rabhtas ag súil leo.

Gan amhras, is údar inní an titim sa mhargadh thar lear is mó a bhí againn i dtéarmaí méide agus níl aon dabht ann ach go mbeidh na blianta atá romhainn dúshlánach. Tá Fáilte Ireland ag obair leis na céadta gnólacht ar fud na tíre trínár gclár 'Bí Ullamh don Bhreiteimeacht' maidir leis na hiarmhairtí breise ar chóir a bheith ag súil leo agus a bheith ullamh dóibh a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an mBreiteimeacht, agus le híoslaghdú a dhéanamh ar aon rónochtadh maidir leis an margadh thar lear is gaire don tír seo.

Sa bhreis air sin, tá Fáilte Ireland ag obair le gnólachtaí freisin chun cuidiú leo éagsúlú a dhéanamh agus an gnó a dhíriú ar mhargaí eile, a bhfuilimid ag súil leo a bheith níos láidre, lena n-áirítear, margáí atá ag teacht chun cinn ar nós na Síne agus an Meánoirthear.

Má táimid chun cothabháil a dhéanamh ar an fhás iontach a bhí againn sa bhliain 2017, ní mór dúinn leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i nithe is díol spéise iad ó thaobh na turasóireachta, ar ghníomhaíochtaí agus ar thaithí nach bhfuil a shárú le fáil lena chinntiú go bhfuil an méid atá á thairiscint againn ar an talamh láidir agus in ann cuairteoirí ar fud an domhain a mhealladh chun na hÉireann, go háirithe na cuairteoirí sin ó mhargaí thar lear lena mbaineann an acmhainneacht is fearr.

Thar aon rud eile, ní mór do ghnólachtaí turasóireachta a bheith ar an airdeall de shíor le cothabháil a dhéanamh ar iomaíochas agus ar inoiriúnaitheacht i ndomhan lena mbaineann an oiread sin luaineachta le rátaí malairte agus le roghanna láidre an tomhaltóra ó thaobh luach ar airgead. Tá an pointe deiridh seo tábhachtach go háirithe i dtéarmaí cothabháil a dhéanamh ar dhea-cháil na hÉireann thar lear – do chuairteoirí a thagann thar lear, tá caighdeán agus an luach atá á fháil ar a gcuid airgid mar ghné ollmhór do chuairteoirí maidir lena mbarúil ar cheann scríbe agus cibé an mbeadh an ceann scríbe sin á mholadh acu do dhaoine eile nó nach mbeidh. Ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh ar ár gcumas leanúint le fáilte a chur go héirinn roimh líon turasóirí níos mó ná riamh sna blianta atá romhainn, tá sé rithabhachtach go ndéanann an tionscal iarracht níos mó ná riamh le luach ar airgead a chur ar fáil ionas go mbeidh an tír in ann a dhul in iomaíocht mar cheann scríbe den scoth do chuairteoirí. Má chruthaíonn muid cáil dúinn féin mar cheann scríbe nach bhfuil mórán luach le fáil ann ar airgead, d'fhéadfadh sé blianta a thógáil orainn sula mbeimid in ann é sin a chur ina cheart.

Cé go léiríonn taighde Fáilte Ireland féin go bhfuil neart leapacha óstáin i mBaile Átha Cliath, agus go mbeidh an brú ag dul i laghad faoin mbliain 2020, beidh riachtanas ann i gcónaí do níos mó acmhainneachta ó thaobh na cóiríochta i mórshuíomhanna turasóireachta, lena n-áirítear an Ardchathair. Le linn na bliana atá romhainn agus ní faide ar aghaidh, leanfaidh Fáilte Ireland le tacaíocht a thabhairt don tionscal agus le hinfheistíocht a threorú trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis an áit ina bhféadfadh an t-éileamh is airde a bheith chomh lena chinntiú go dtagann fás go hinbhuanaithe ar an turasóireacht.

Ní mór dúinn leanúint lenár gcuid oibre le scaipeadh na gníomhaíochta a roinnt ar fud na hÉireann, le tionscal turasóireachta a chur chun cinn a bheidh

inbhuanaithe i gceart agus lena chinntiú go mbeidh ar chumas gach réigiún sa tír leas a bhaint as an fhás turasóireachta. Tá torthaí á léiriú cheana féin ag branda taithí réigiúnach Shean-Oirthear na hÉireann ó thaobh treallús a chur faoi ghníomhaíocht turasóireachta sa chuid sin den tír agus tá dóchas den chineál céanna againn don bhranda taithí réigiúnach nua atá le foilsiú do Lár na Tíre i dtús na bliana 2018. Ar an gcuma chéanna, tá níos mó béime curtha againn ar an réimse thuaidh de Shlí an Atlantaigh Fhiáin ó thaobh teacht i dtír ar an acmhainneacht atá sa réimse sin. Tá go leor eile le déanamh, áfach, i dtéarmaí scaipeadh spásúil turasóireachta atá folláin a chruthú.

Tá acmhainneacht mhór ann i gcónaí le feabhas a chur ar chreatlach sóisialta agus geilleagrach na tíre tríd an turasóireacht – is tionscal atá ann atá in áit uathúil le poist agus rathúnas a chruthú i ngach cearn den tír, agus tugann an tionscal mórtas cine is ceantair do phobail áitiúla. Leanfaidh Fáilte Ireland lena gcuid oibre le gnólachtaí agus le heagraíochtaí fud fad na tíre chun páirt a bheith acu i mbaint amach na hacmhainneachta seo.

Léiríonn na figiúirí gur bliain den scoth a bhí sa bhliain 2017 ach ní féidir le tionscal na turasóireachta a gcuid maidí a ligean le sruth. Tá sé rithabhachtach go leanfaimid orainn le hinfheistíocht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt d'fhás laistigh d'earnáil na turasóireachta le béim faoi leith ar leathnú a chur ar sheasúr na turasóireachta do go leor oibreoirí agus le treallús a chur faoi ghníomhaíocht sna codanna sin den tír a gcreidimid go bhfuil acmhainneacht ann do líon níos mó cuairteoirí agus fáis. Bainfidh na blianta atá romhainn freisin leis an turasóireacht a chur ar an gclár oibre náisiúnta maidir le fás agus le poist.

Go pearsanta, is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach agus leis an Údarás as a gceannaireacht agus a dtiomantas agus le foireann Fáilte Ireland atá ag oibriú go crua ar fud gach réigiún sa tír chun an tionscal a fhás agus a leathnú – agus tá na torthaí sin le feiceáil go soiléir i dtuarascáil an lae inniu agus i bhfás leanúnach na turasóireachta. Léiríonn na torthaí atá leagtha amach anseo freisin ár gcomhpháirtíocht láidir oibre, go háirithe lenár gcomhghleacaithe i dTurasóireacht Éireann.

Ní bheadh an méid seo indéanta gan tacaíocht agus infheistíocht Rialtais. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a fuairamar ón Rialtas ar feadh na bliana 2017, go háirithe ón Aire Shane Ross T.D. agus ón Aire Stáit Brendan Griffin T.D. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an iar-Aire Stáit, Patrick O'Donovan T.D. Beidh ar ár gcumas, leis an gcomhordú ceart idir an Rialtas, gníomhaireachtaí na hearnála poiblí, gnólachtaí príobháideacha agus pobail áitiúla leis an turasóireacht a fhás níos cothroime ar fud na réigiún agus ar feadh na bliana, torthaí níos fearr fós a bhaint amach sna blianta atá romhainn.



Paul Kelly | Príomhfheidhmeannach, Fáilte Ireland



“...is tionscal atá sa turasóireacht atá in áit uathúil le poist agus rathúnas a chruthú i ngach cearn den tír, agus tugann an tionscal mórtas cine is ceantair do phobail áitiúla.”

Ráiteas Corparáideach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus aontaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus déanann an eagraíocht na prionsabail infheidhmithe agus na treoirlínte a mhínítear sa *Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* agus gach reachtaíocht Rialtais lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh.

Comhionannas

Is fostóir comhdheiseanna í Fáilte Éireann. Déanann an eagraíocht an reachtaíocht iomchuí chomhionannais ar fad a chur i bhfeidhm.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Rinneadh leas fostaithe agus cuairteoirí chuig maoin na heagraíochta a chosaint trí na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh go beacht. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an eagraíocht forálacha an Achta um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Éireann 42 iarratas faoi reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

Gníomhaíocht Oiliúna 2017

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	2017
Clár Tionscail-bhunaithe (Tacaíochtaí Gnó)	5,505
Ardoideachas & Breisoideachas	1,141
Iomlán	6,646

Comhaltaí an Údaráis 2017

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Údaráis sa bhliain 2017

COMHALTA	IOMLÁN	CUIREADH TÚS LEIS AN TRÉIMHSE OIFIGE/ THÁINIG DEIREADH LEIS AN TRÉIMHSE
Michael Cawley	5	
Gerard Barron	5	
Susan Bergin	5	
Sean Boland	2**	** Tús leis an Tréimhse Iúil 2017
Francis Brennan	3	
Paul Carty	2**	** Tús leis an Tréimhse Iúil 2017
Jim Deegan	2*	* Deireadh leis an Tréimhse Bealtaine 2017
Bridget Halligan-Neville	2*	* Deireadh leis an Tréimhse Bealtaine 2017
Noel Kavanagh	5	
Mary Kerins	5	
Gina Murphy	4	
Margaret Ryan	2*	* Deireadh leis an Tréimhse Bealtaine 2017
Frankie Sheahan	1*	* Deireadh leis an Tréimhse Márta 2017
Mary Rose Stafford	2*	* Deireadh leis an Tréimhse Bealtaine 2017

MICHAEL CAWLEY
Chairman



Tar éis dó dul ag obair le Ryanair i mí Feabhra 1997, bhí ról lárnach ag Michael i dtaca le tairiscint phoiblí thosaigh (IPO) na cuideachta i mBealtaine na bliana sin agus ghlac sé freagrachtaí breise chuige féin mar Stiúrthóir Tráchtála i Meán Fómhair 1997. Chomh maith leis sin, rinne Michael maoirseacht ar an obair a bhain le liostú a áirithiú ar Stocmhalartán Londain i Meitheamh 1998. I mí Feabhra 2003, ceapadh Michael mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus mar Leas-Phríomhfheidhmeannach.

Imíán Mhárta 2014, d'éirigh Michael as mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus mar Leas-Phríomhfheidhmeannach i Ryanair agus tháinig sé chun bheith ina chomhalta den Bhord i gcáil Neamhfheidhmeannach an 1 Bealtaine 2014. Chomh maith leis sin, ceapadh ina Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach é i Paddy Power Plc i mí Iúil 2013.

Is Cuntasóir Cairte é agus, roimhe seo, d'oibrigh Michael i roinnt tionscal éagsúil lena n-áirítear dáileachán agus monaraíocht. Bhí sé i gceannas ar cheannach amach ag an lucht bainistíochta in Athlone Extrusions sa bhliain 1991 agus, sula ndeachaigh sé ag obair le Ryanair, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais sa Gowan Group atá i measc na gcuideachtaí príobháideacha is mó dá bhfuil ann in Éirinn.

Is de bhunadh Chorcaí é, tá sé pósta agus tá ceathrar clainne air.

GERARD BARRON



Is Gerard cathaoirleach ar *Comeragh's Wild Festival*, chomh maith le bheith ina dhuine de bhunaitheoir na féile sin, agus bhí ról gníomhach aige i bhforbairt Ghlasbhealach Phort Láirge.

Faoi láthair, tá sé ag obair mar Chúntóir Parlaiminteach i Seanad Éireann. Roimhe seo, bhí sé ina ionadaí tofa de chuid Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 15 bliana agus d'fheidhmigh sé mar Mhéara Contae sa tréimhse 2005-2006.

SUSAN BERGIN



Tá Bcomm ag Susan ó UCD agus is Cuntasóir Cairte agus Comhairleoir Cánach Cairte í. Fuair sí oiliúint mar Iníúcháir le ceann de na ceithre ghnólacht cuntasáiochta is mó cáil atá ann i mBaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2010, le linn dí a bheith ag obair ina Stiúrthóir Airgeadais i nGrúpa Maoine agus Aíochta, ceapadh í chuig Údarás Fáilte Éireann agus, ó shin i leith, tá sí ag freastal mar chomhalta den údarás agus mar chathaoirleach ar an gcoiste iniúchta.

Sa tréimhse 2013/2014, bhí sí fostaithe ina Ceann Airgeadais agus Comhlíontachta, agus í ceadaithe ón mBanc Ceannais, le haghaidh Cuideachta idirnáisiúnta ar líne Seirbhísí Airgeadais. Ina dhiaidh sin, chuaigh sí ar ais chuig an tionscal aíochta agus, faoi láthair, oibríonn sí d'ionad mór le rá Imeachtaí, Taispeántas agus Comhdhála.

SEAN BOLAND



Tá Sean ina Chomhúinéir ar Hertz Ireland agus ag obair san Earnáil Carranna ar Cíos le 35 bliain anuas, cuid thábhachtach atá anseo de Thionscal na Turasóireachta. Thosaigh Hertz Ireland amach mar chuideachta dúchasach, agus tá siad i mbun rialú ar oibríocht Hertz le 25 bliain anuas, agus sa lá atá inniu againn, tá brandaí carranna ar cíos Hertz, Dollar, Thrifty agus Firefly á reáchtáil acu ar oileán na hÉireann.

Tá eagraíocht Hertz ag cur treallús faoi athruithe sa tionscal taistil trí thaisteal forleathan ar fud na cruinne le gnó a sheachadadh agus cothabháil a dhéanamh ar fhás seasmhach. D'oibrigh Hertz le agus tá caidreamh dlúth acu le formhór na n-eagraíochtaí a thugann turasóirí chun na hÉireann.

FRANCIS BRENNAN



Rugadh Francis, as an Park Hotel, Neidín, i mBaile Átha Cliath agus fuair sé oideachas i Scoil na hOllscoile Caitlicí, Sráid Liosáin. Bhain sé Ard-Diplóma amach sa Bhainistíocht Óstáin agus Lónadóireachta i gColáiste Bhaile Átha Cliath agus bhain sé B.Sc (Bainistíocht) amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá sé bainteach le roinnt eagraíochtaí agus, is iar-uachtarán náisiúnta de chuid SKAL International é agus is iar-stiúrthóir de chuid *Shannon Castle Heritage & Banquets*, agus, sa tréimhse 1994-97 ba é cathaoirleach Small Luxury Hotels of the World é. Faoi láthair, is é Comhairleoir SKAL International i leith na hÉireann é agus is láithreoir é ar chlár teilifíse faoi chúrsaí aíochta dar teideal 'At Your Service' ar RTÉ agus, chomh maith leis sin, feidhmíonn sé mar shaineolaí raidió trí thráchtairíocht a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le cúrsaí aíochta. Chomh maith leis sin, tá trí leabhar móréilimh scríofa aige.

PAUL CARTY



Is Stiúrthóir Bainistíochta é Paul Carty le Guinness Storehouse, atá ar Uimhir 1 i measc nithe is díol spéise ó thaobh na turasóireachta in Éirinn, a chuireann fáilte roimh os cionn 1.7 milliún cuairteoir in aghaidh na bliana.

Tar éis dó a chuid oideachais foirmiúil a thabhairt chun críche, cuireadh oiliúint mar chócaire ar Paul i scoil óstáin Rockwell agus as sin chuaigh sé chuig Coláiste Bainistithe Óstán na Sionainne áit ar bhain sé céim amach le hOnóracha. Is iarmhac léinn de chuid Cornell University Nua-Eabhrac é.

JIM DEEGAN



Is é Jim Deegan Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta do Staidéir ar Bheartas Turasóireachta (NCTPS), Ollscoil Luimnigh (UL) agus is é an tOllamh le Beartas Turasóireachta é. Oileadh mar eacnamaí é agus baineann na nithe a gcuireann sé spéis iontu, agus a chuid foilseachán, le gach gné den bheartas poiblí i leith na turasóireachta. Chuige sin, is comhúdar é i dtaca leis an téacs a gceaptar ina leith gurb é an téacs ceannródaíoch é i ndáil le turasóireacht na hÉireann, is é sin le rá: *"Tourism Policy and Performance-The Irish Experience"* (1997) agus bíonn ailt á bhfoilsíú de shíor aige sna príomhírisí turasóireachta agus beartais phoiblí.

Sa bhliain 2016, chríochnaigh Jim téarma fadaithe cúig bliana ina Cheann ar an Roinn Eacnamaíochta in UL. Ghníomhaigh sé ar bhord roinnt cuideachtaí eárnála príobháidí agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Treaty Radio Limited (Live 95FM) a díoladh le UTV Plc sa bhliain 2002.

BRIDGET HALLIGAN-NEVILLE



Tá cónaí ar Bridget i Loch Garman agus tá sí ag obair i dTionscal na Turasóireachta agus na hAíochta le níos mó ná daichead bliain.

Mar thoradh ar an taithí atá ag Bridget ar athrú agus ar fhorbairt laistigh den tionscal i rith an ama sin - agus mar thoradh ar thuiscint an-mhaith ar thábhacht mhéadaitheach na hearnála turasóireachta sa gheilleagar - tá léargas suntasach aici a mbaineann sí leas as le linn gnóthaí an Údaráis a phlé.

NOEL KAVANAGH



Fuair Noel a chuid oideachais i Crescent College, Luimneach, agus fuair sé oiliúint mar bhainisteoir le Penneys/Primark.

Is é Úinéir/ Cathaoirleach an Kavanagh Group é - ón mbliain 1979 i leith - agus oibríonn sé 16 Shármhargadh Supervalu ar fud na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin, is é Noel Úinéir/Oibritheoir Óstán Wyatt i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo (ón mbliain 1995 i leith) agus is é Cathaoirleach Amharclann Halla na Cathrach i gCathair na Mart é.

MARY KERINS



Tá freagracht ar Mary maidir le forbairt beartas agus athbhreithniú, chomh maith le gníomhaíochtaí maoirseachta agus comhlíontachta a chur i gcrích, i réimsí na Sláinte, na Sábháilteachta agus an Chomhshaoil, d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) - in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Chomh maith lena bheith ina comhalta de Bhord Fháilte Éireann, bhí sí páirteach in obair Thascfhórsa Turasóireachta Grow Dublin. Roimhe seo, bhí Mary ina Cathaoirleach ar Choiste Eacnamaíochta ACI na hEorpa agus bhí sí ina comhalta de Choiste Eacnamaíochta ACI Domhanda agus de Choistí ICAO, AEP/ANSEP. Tá PhD ag Mary sa Cheimic ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ag obair leis an DAA le naoi mbliana déag.

GINA MURPHY



Is í Gina Dílseánach agus Bainisteoir Ginearálta Bhialann Hugo i mBaile Átha Cliath agus, roimhe seo, bhí bialanna aici in Uíbh Fhailí agus i Maigh Eo agus, chomh maith leis sin, rinne sí bainistíocht ar na bialanna sin. Is ball de Chumann Bhialanna na hÉireann (RAI) í agus bhí sí ina hUachtarán agus ina Leas-Uachtarán ar an eagraíocht sin. Chomh maith leis sin, bhí sí ina comhalta de Choiste Bainistíochta agus Stiúrtha an RAI ar feadh tamall maith blianta.

Chomh maith leis sin, bhí Gina ina Ionadaí na bhFostóirí ar an gComhchoiste Oibreachais (JLC) um Lónadóireacht agus, freisin, ina Ionadaí na hÉireann in HOGTREC - an Grúpa Stocaireachta Eorpach do thionscal na nÓstán, na mBialann agus na gCaiféanna atá lonnaithe sa Bhruiséil. Chomh maith leis sin, is minic a labhraíonn Gina os comhair cumainn éagsúla tráchtála agus tionscail mar aoichainteoir - lena n-áirítear Fóram Turasoíreachta Pharlaimint na hEorpa i Liospóin sa bhliain 2009.

MARGARET RYAN



Tá Margaret gníomhach sa tionscal turasoíreachta ón tráth a chaith sí sa choláiste i Luimneach. Mar chuid de shocrúchán oibre ó Ollscoil Luimnigh (UL), bhí sí ag obair le Shannon Castle Tours, ar feadh sé mhí ar dtús, agus is mar sin a thosaigh an dúil atá aici i gcúrsaí turasoíreachta. Fuair sí oiliúint mar Threoraí Turais Náisiúnta rud a thug tuiscint níos fearr di ar na táirgí go léir atá ar fáil ar oileán na hÉireann. Chuaigh sí ag obair le Ryan Hotels mar Bhainisteoir Díolachán agus d'fheidhmigh sí i bpoist éagsúla sular tháinig sí chun bheith ina Stiúrthóir Díolachán agus Margáiochta le haghaidh óstáin an ghrúpa in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír, sa Bheilg agus sa Ghearmáin.

Sa bhliain 2000, bhunaigh sí a gnó Margáiochta féin agus cliant aici i ngach earnáil - lena n-áirítear gníomhaireachtaí turasoíreachta sa Tuaisceart agus sa Deisceart, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME'anna), Tionscnóirí Turais, óstáin 4 agus 5 réalta - agus oibríonn sí ar fhorbairt táirgí nua, ar staidéir fhéidearthachta agus ar fhorbairt brandaí.

FRANKIE SHEAHAN



Scoir Frankie de bheith ina imreoir gairmiúil rugbaí idirnáisiúnta ar fhoireann na hÉireann sa bhliain 2009. huir sé Front Row Speakers ar bun ansin agus is é an eagraíocht sin an biúró cainteoirí is mó fáis dá bhfuil ann anois in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Déanann siad cainteoirí, i réimsí na ceannaireachta, na spreagthachta, na hardfheidhmíochta agus na siamsaíochta, a aimsiú do chuid de na cuideachtaí agus de na brandaí is mó dá bhfuil sa domhan. Sa bhliain 2013, bhí baint aige leis an Pendulum Summit a chur ar bun agus, le ceithre bliana anuas, tá sé ar an gcruinniú mullaigh is ceannasaí ar domhan sa réimse gnó agus féinchumhachtaithe agus is é an cruinniú mullaigh is mó de chuid na hÉireann é a mbíonn os cionn 8000 duine ag freastal air.

MARY ROSE STAFFORD




Is í Mary Rose Ceann na Roinne Óstáin, Ealaíon Cócaireachta agus Turasoíreachta in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus, chomh maith leis sin, is í Bainisteoir Acadamh Aíochta & Turasoíreachta na hÉireann san Institiúid í.

Tar éis di céim i mBainistíocht Óstáin a bhaint amach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chathail Brugha, fuair sí taithí chúig bhliana déag sa bhainistíocht óstáin aici, idir thaithí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus speisialtóireacht á déanamh aici i mbainistíocht acmhainní, le linn di a bheith ag obair i Nua-Eabhrac, i Londain, i mBaile Átha Cliath agus i gCiarraí. Ón mbliain 2003, tá sí ag obair sa réimse oideachais trú leibhéal in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí áit ar bhain sí céim Mháistreachta amach freisin. Tá dhá leabhar agus cuid mhór páipéar acadúil scríofa aici

Struchtúr na Roinne

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017



Uimhreacha¹ Turasóireachta 2013-2017

UIMHREACHA (000s) (Ioncam €mn)	2013 ⁴	2014	2015	2016	2017	% athrú 17 vs. 16
An Bhreatain	2,870	3,007	3,346	3,632	3,445	-5
	890.9	926.7	1,017.9	1,109.8	1,046.5	-6
Mórhír na hEorpa	2,346	2,490	2,880	3,102	3,256	5
	1,228.2	1,301.2	1,555.3	1,657.5	1,763	6
Meiriceá Thuaidh	1,039	1,146	1,294	1,477	1,715	16
	829	940.3	1,199.7	1,337.4	1,525.5	14
An Chuid Eile den Domhan	431	462	516	531	607	14
	367.7	428.1	492.6	533.3	588.9	10
Iomlán Thar Lear	6,686	7,105	8,036	8,742	9,023	3
	3,315.7	3,596.4	4,265.3	4,638	4,923.9	6
Tuaisceart Éireann ^{1 5 6}	1,572	1,708	1,492	1,358	1,315	-3
	304.5	334.4	338.2	366.9	371.3	1
Fáltais Iompróra ⁷	976	1,166	1,322	1,479	1,611	9
Cuairteanna Lá Céanna Thar Lear	35	41	38	48	53	10
Iomlán Intíre Tuilleamh Airgeadra Eachtrach Iomlán	4,631.3	5,137.7	5,963.5	6,613.0	6,959.2	5
Turais Intíre ^{2 3}	8,413	8,991	9,125	9,359	9,626	3
	1,533	1,713.5	1,725.3	1,797.7	1,879.1	5
Ioncam Turasóireachta Iomlán	6,164.3	6,851.2	7,688.8	8,410.7	8,838.3	5
Ioncam Turasóireachta Gan Fáltais Iompróra San Áireamh	5,188.3	5,685.3	6,366.8	6,931.7	7,227.3	4

1. Sainmhínear turasóirí mar chuirteoirí a fhanann oíche mar chuid dá dturas. Áirítear thuas i bhfigiúirí turasóirí ó thar lear turasóirí a thagann isteach trí chalafoirt agus aerfoirt Phoblacht na hÉireann (foinse CSO) agus turasóirí a thagann ar talamh via Tuaisceart Éireann (foinse NISRA).

1. Athbhreithnithe ag NISRA Bealtaine 2015

2. Athbhreithníodh sonraí 2012-2015 na tíre seo mar gheall cur chuige nua modheolaíochta an CSO, Lúnasa 2016

3. Sonraí Intíre 2016 athbhreithnithe ag an CSO, Nollaig 2017

4. Athbhreithníodh Ioncam Márta 2014

5. NISRA GBP: Tá sonraí caiteachais chónaitheoirí Thuaisceart Éireann á chur ar fáil in STE. 0.81948 an ráta malartaithe Euro in 2016. Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

6. 2013 Athbhreithnithe ag an NISRA Bealtaine 2015, 2015 Athbhreithnithe in 2016

7. 2013 agus 2014 athbhreithnithe Márta 2016



Bearna Dhúlocha, Co. Mhaigh Eo

Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh 2017

Forléargas ar úsáid Fuinnimh in 2017

Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí foireann de 321 nó coibhéis lánaimseartha (FTE'nns) de 298.4 agus 43 fhoirgneamh ag Fáilte Ireland. Laistigh de phortfóilió maoiné éagsúil na heagraíochta, tá 8 n-oifig Riaracháin, 23 Oifig Eolais Turasóireachta atá oscailte ar feadh na bliana (TIO'nna); tá 2 cheann acu sin ina n-oifigí riaracháin freisin, 6 Oifig Eolais Turasóireachta Séasúracha (oscailte ar feadh 7-8 de mhíonna in aghaidh na bliana), 4 Mhúsaem agus 2 fhoirgneamh atá folamh. As na 43 fhoirgneamh – tá 7 gcinn acu os cionn 500m² agus tá 12 fhoirgneamh liostaithe le Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

I mí Aibreáin 2018 thuairiscigh Fáilte Ireland, trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), úsáid fuinnimh de 1,999,798 kWh a bhí comhdhéanta de:

- 1,689,133 kWh leictreachais
- 310,684 kWh breosla (iontaise) teirmeach;
 - 215,424 kWh gás
 - 95,260 kWh ola téite

Sa bhliain 2016 thuairiscigh Fáilte Ireland úsáid fuinnimh de 2,155,502 kWh. Léiríonn sé sin spáráil fuinnimh de 155,704 kWh. Sa bhliain 2017, bhaineamar úsáid as 31,936 kWh níos mó leictreachais nuair a chuirtear i gcomparáid leis an mbliain 2016 é, bhaineamar úsáid, áfach, as 187,641 kWh níos lú fuinneamh teirmeach/breosla iontaise; 147,108 kWh níos lú gás agus 40,533 kWh níos lú ola le haghaidh téamh.

In ainneoin an méid atá luaithe thuas, ionas go bhfreastalóidh an Rialtas ar na spriocanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020; "Déanfaidh an Earnáil Phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33%"; agus déantar an spáráil de 33% a ríomh bunaithe ar Riachtanas Fuinnimh Príomha Iomláine (TPER) eagraíochta.

Bhain Fáilte Ireland úsáid as 3,933,798 kWh TPER don bhliain 2017. Is laghdú 4,083,032 kWh TPER é sin i gcomparáid leis an mbliain 2016. Léiríonn sé seo laghdú 3.7% nó laghdú 149,234 kWh bliain ar bhliain. Is ionann an 3.7% spárála fuinnimh seo agus:


- 43,800 kWh níos mó leictreachais; is ionann an TPER leictreachais don bhliain 2017 agus 3,586,033 kWh suas ó 3,542,233 kWh ón mbliain 2016
- 193,034 kWh breoslaí iontaise. Is mar seo a leanas a bhí próifíl úsáide na mbreoslaí teirmeacha in 2017:
 - 151,842 kWh níos lú gás, laghdú ó 91,534 kWh in 2016 go 239,692 kWh in 2017
 - 41,192 kWh níos lú olaí téite, laghdú ó 149,266 kWh in 2016 go 108,074 kWh in 2017. Nuair a fhéachtar níos grinne air, léiríonn sé seo 18,601 kWh níos mó ceirísín agus 22,591 kWh níos lú ola gás

Cé gur tháinig íslíú 3.7% ar úsáid TPER Fáilte Ireland sa bhliain 2017, tháinig ardú ar cheannach an fhuinnimh sin. Sa bhliain 2017 bhí caiteachas de €322,582 (gan CBL san áireamh) ag an eagraíocht maidir lena riachtanais fuinnimh féin. Sa bhliain 2016 ba €315,084 (gan CBL san áireamh) an costas fuinnimh. Léiríonn sé seo ardú 2.38% i gcostais ón mbliain 2016 go 2017. Ag glacadh leis go raibh an t-ardú 2.38% i gcostais ar an laghdú 3.7% in úsáid fuinnimh – bheadh an tionchar airgeadais do Fáilte Ireland i bhfad níos airde dá mba rud é go bhfanadh an úsáid fuinnimh mar a chéile nó dá dtiocfadh ardú air. Is fiú a thabhairt ar aird freisin ó chuir Fáilte Ireland tús le tuairiscíú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar bhonn bliantúil sa bhliain 2009; go bhfuil laghdú tagtha ar an gcaiteachas bliantúil ar Sholas/Teas/Cumhacht na heagraíochta ó €421,030 (gan CBL san áireamh) in 2009 go €322,582 in 2017. In imeacht naoi mbliana, d'éirigh linn íslíú beagnach €100,000 a


dhéanamh ar chostais fuinnimh na heagraíochta trí laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na heagraíochta.

Ag glacadh leis gurbh iad na príomhróil atá ag Fáilte Ireland an t-ir a chur chun cinn mar cheann scribe turasóireachta, tá 'comhshaol glas' mar phríomhfhactóir ó thaobh Éire a chur chun cinn agus ó thaobh fás turasóireachta atá inbhuanaithe a chinntiú. Cuireann na hathruithe atá bainte amach go dtí seo maidir le húsáid fuinnimh Fáilte Ireland os cionn sprioc an Rialtais. Amhail deireadh na bliana 2017 tá laghdú 46.4% bainte amach againn ó thaobh úsáid fuinnimh ón mbliain 2009, an bhliain a úsáideadh mar bhonn-tomhas. Sa 2009 b'ionann an TPER agus 7,333,275 kWh, bhí sé 3,933,798 kWh sa bhliain 2017. Ciallaíonn sé sin 1,723,064 kgCO₂ in astuithe ceaptha teasa sa bhliain 2009. Faoi dheireadh na bliana 2017 bhí laghdú go 812,306 kgCO₂ déanta againn ar an lorg carbóin – íslíú 52.8%.

CEANGLAIS FUINNIMH PRÍOMHÚIL IOMLÁN FÁILTE IRELAND (TPER)



ASTUITHE CARBÓIN FÁILTE IRELAND - KGCO₂



NA GNÍOMHAÍOCHTA AR TUGADH FÚTHU SA BHLIAIN 2017

As an 46.4% spárála a bhaineadh amach go dtí seo ba sa bhliain 2017 a baineadh amach 3.7% de sin. Tá sé tugtha faoi deara againn gur féidir le hathruithe cothabhála/uasghrádaithe laethúla tionchar buan a bheith acu ar úsáid fuinnimh. Agus cothabháil ginearálta foirgnimh/uasghrádaithe ICT á mbreithniú tá Fáilte Ireland ar an eolas maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh a d'fhéadfaí a bhaint amach. Is féidir an spáráil 3.7% a baineadh amach sa bhliain 2017 a chur síos do na tionscnaimh seo a leanas:

- Rinneadh Soilse Éigeandála agus na Comharthaí Fear ag Rith ag Bealaí Amach Éigeandála sa cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath a uasghrádú i Márta/Aibreán 2017 le spáráil fuinnimh measta de 2,114 kWh in aghaidh na bliana
 - Cuireadh comharthaí LED 1.5W in áit 12 comhartha Bealach Amach Éigeandála /Fear ag Rith comhartha 8W
 - Cuireadh soilse 10W LED in ionad na Soilse Éigeandála 10 x 28W ar na staighrí.
 - Cuireadh soilse 1.5W LED in ionad Soilse Éigeandála 18 x 18W
- Le linn an dara ráithe de 2017 rinneadh uasghrádú ar shoilse inár nOifig Eolais Turasóireachta sa Neidín. Bunaithe ar úsáid 1,200 uair an chloig sa bhliain (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá

in aghaidh na seachtaine, 30 seachtain in aghaidh na bliana - oifig shéasúracha), meastar go ndéanfaidh an t-uasghrádú sin 1,426 kWh leictreachas a spáráil in aghaidh na bliana.

- Uasghrádaithe teasa – spáráil mheasta 14,028 kWh déanta ag athsholáthar a dhéanamh ar shean-aonaid 5kW i 2 Oifig Turasóireachta
 - I mí Aibreáin 2017, cuireadh 2 x 550W théitheoir painéil dhigiteacha leictreacha in ionad an aonaid 5kW AC san Oifig Eolais Turasóireachta i gCathair na Mart. Meastar go mbeidh spáráil leictreachais 6,552 kWh in aghaidh na bliana ann, bunaithe ar 1,680 uair an chloig úsáid in aghaidh na bliana (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 6 lá in aghaidh na seachtaine, 35 seachtain ó Mheán Fómhair go hAibreán) i gceist leis sin

- I mí Aibreáin, cuireadh 1 x 550W théitheoir painéil dhigiteacha leictreacha in ionad an aonaid 5kW AC san Oifig Eolais Turasóireachta i gCorcaigh. Meastar go mbeidh spáráil leictreachais 6,552 KWh in aghaidh na bliana ann, bunaithe ar 1,680 uair an chloig úsáid in aghaidh na bliana (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 6 lá in aghaidh na seachtaine, 35 seachtain ó Mheán Fómhair go hAibreán) i gceist leis sin
- **Athnuachan Crua-Earraí ICT**
- cuireadh freastalaí HP DL380p G8 in áit 1 x HP DL360 G5. Meastar go mbeidh spáráil fuinnimh leictreachais de 2,102 KWh in aghaidh na bliana i gceist leis seo
- Rinneadh athsholáthar ar 20 ríomhaire glúine; rinneadh 20 x HP Elitebook 820 ríomhaire glúine a chuir in áit 10 x Lenovo T510'nna (crua-earraí breise a bhí riachtanach don fhoireann bhreise). In ainneoin dúbailt ar bheith déanta ar na ríomhairí a ceannaidh i gcomparáid leis an méid ríomhairí a aistarraingíodh, meastar go mbeidh spáráil leictreachais 75 KWh fós i gceist in aghaidh na bliana - bunaithe ar úsáid bhliantúil 1,875 uair an chloig (7.5 uair in aghaidh an lae, 250 lá in aghaidh na bliana).

NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ BEARTAITHE DON BHLIAIN 2018

Agus dul chun cinn thar na bearta déanta go dtí seo, tá an dúshlán ann i gcónaí ó thaobh laghdú 3% in aghaidh na bliana a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na heagraíochta. Chun cabhrú leis an sprioc seo a bhaint amach, tá sé beartaithe ag Fáilte Ireland tabhairt faoin méid seo a leanas:

Athnuachan Crua-Earraí ICT

- Meastar go mbeidh spáráil de 8,325 kWh in aghaidh na bliana bunaithe ar úsáid bhliantúil de 1,875 uair an chloig (7.5 uair in aghaidh an lae, 250 lá in aghaidh na bliana) ar athnuachan na gcrua-earraí seo a leanas atá beartaithe don bhliain 2018.
 - Cuirfear ríomhairí glúine HP Elitebook 820 in áit 30 x Lenovo T510'nna
 - Cuirfear ríomhairí deisce HP Prodesk 400 G4 in áit 100 x Dell Optiplex 980'nna
 - Cuirfear 100 monatóir x HP VH22 in áit 60 monatóir Lenovo ThinkVision LT2223p agus in áit 40 monatóir x Dell 1911p
- Tá sé beartaithe ag an ICT athnuachan a dhéanamh ar 10 lasc-chlár POE sa bhliain 2018 – tá sé i gceist athnuachan a dhéanamh ar 10 Netgear GS748TP le 10 gcinn de lasc-chlár Cisco SG300 52. Meastar go mbeidh spáráil leictreachais 13,578 kWh in aghaidh na bliana ag gabháil leis an athnuachan seo (bunaithe ar lasc-chláir a bheidh ag feidhmiú 24/7)

Uasghrádú Soilse:

- Táthar ag súil na tionscadail uasghrádaithe soilse seo a leanas a thabhairt chun críche faoi dheireadh na dara ráithe de 2018 agus meastar go gcruthóidh siad sin spáráil leictreachais de 5,181 kWh
 - Oifig Eolais Turasóireacht Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath: cuirfear lampaí 5.5W LED in áit 40 x 50W spotsolas. Spáráil de 4,357 kWh bunaithe ar úsáid 2,448 uaire an chloig in aghaidh na bliana (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 6 lá in aghaidh na seachtaine, 51 seachtain in aghaidh na bliana) i gceist leis in
 - An Cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath: cuirfear soilse 7W LED in áit 8 x 60W solas sa seanchlós. Bhí an spáráil de 823 kWh bunaithe ar 1,942 uaire úsáide in aghaidh na bliana (3 huair x 365 lá + 5.5 uaire, 7 lá in aghaidh na seachtaine, Deireadh Fómhair go Feabhra)

Tá sé beartaithe ag Fáilte Ireland 2 Oifig Eolais Turasóireachta a aistriú sa bhliain 2018:

- Corcaigh: Faoi dheireadh Ráithe 2 den bhliain 2018 tá sé i gceist an oifig a aistriú ó Shráid an Chapail Bhúí go hOifig Eolais Turasóireachta nua i Sráid Phádraig; sráid ina bhfuil níos mó daoine, a chiallaíonn go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Maidir leis an áitreabh ar Shráid an Chapail Bhúí, foirgneamh ina bhfuil achar de 1,566m², tá Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) de E1 ag an fhoirgneamh sin. Roimh fheistiú an fhoirgnimh nua ba D2 a bhí sa BER ag a bhfuil achar de 67m². Meastar go mbeidh ardú suntasach ar an rátáil seo tar éis an fheistithe nua agus go mbeidh níos mó deise ann úsáid a bhaint as fearais /feistis atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh le rátáil E a bheidh méadaithe faoi thrí. Cé nach bhfuil a fhios fós cén spáráil go díreach a bheidh i gceist, sa bhliain 2017 baineadh úsáid as 38,054 kWh leictreachais san fhoirgneamh ar Shráid an Chapail Bhúí
- Cill Chainnigh: Tá sé i gceist faoi dheireadh na bliana 2018 áitreabh a aistriú ó Theach Shee Alms, le hachar de 169m², struchtúr de chuid na 16ú hAois go hOifig Eolais Turasóireachta nua Chill Chainnigh, atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas de chuid an 19ú hAois atá níos oiriúnaí don fheidhm, le hachar 58m², agus tá an foirgneamh ar an tSráid Ard; cóngarach don Mhíle Meánaoiseach. Cé nach bhfuil a fhios fós cén spáráil go díreach a bheidh i gceist le haistriú den sórt sin, sa bhliain 2017 baineadh úsáid as 29,194 kWh leictreachais in Oifig Eolais Turasóireachta Chill Chainnigh.

Tá Fáilte Ireland dóchasach ó thaobh tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar úsáid fuinnimh trí fheasacht agus eolas níos fearr i measc na foirne maidir le caomhnú agus inbhuanaitheacht fuinnimh. Déanfar roinnt clár maidir le bosca uirlisí agus laethanta ar chaomhnú agus ar inbhuanaitheacht fuinnimh a leathadh amach sa bhliain 2018.

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch
31 Nollaig 2017

An Trá Mhór Strand (An Caol), Acaill, Co. Mhaigh Eo

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (an tÚdarás) nó Fáilte Ireland mar a thugtar air faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 le héifeacht an 28 Bealtaine 2003. Tá córas rialachais corparáide glactha ag Fáilte Ireland de réir dea-chleachtais.

Is Údarás Reachtúil é a bunaíodh faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Leagtar amach bunú, feidhmeanna agus freagrachtaí an Údaráis i gCuid 2 den Acht.

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann Údarás agus Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA), a dhéanann ionadaíocht ar an Stát mar scairshealbhóir de facto an NTDA.

Dualgais an Údaráis

- Rinne an tÚdarás freagraíochtaí oibre i dtaobh Fáilte Ireland a reáchtáil ó lá go lá a tharmligean ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann bainistíochta. Ní dhéantar an dualgas atá ar an Údarás maoirsiú a dhéanamh go bhfuil feidhmeanna tarmligthe á gcomhlíonadh a mhaitheamh don Údarás ar chumhacht an tarmligin a chleachtadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht - fuair an tÚdarás tuarascálacha rialta ó fhoireann bainistíochta an chomhlachta agus ó fhochoistí an Údaráis.
- Thug an tÚdarás comhairle agus tacaíocht don Chathaoirleach, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don bhainistíocht.
- Shásaigh an tÚdarás é fein go bhfuil córais rialuithe airgeadais agus córais bainistíochta riosca dian agus inchosanta i bhfeidhm.
- Tá freagracht ar an Údarás as a chinntiú go ndéanfar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Iarrtar ar an Údarás a dheimhniú don Aire cuí gach bliain go bhfuil córas oiriúnach rialaithe inmheánaigh (agus airgeadais) i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.
- Bhunaigh an tÚdarás, tríd an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Clárúcháin, nósanna imeachtaí chun an caidreamh cuí a choinneáil leis na hiniúcháirí seachtracha. Cé gur féidir le hÚdarás Comhlachta Stáit Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú chun cuidiú le saincheisteanna a bhaineann le hiniúchóireacht, rialachas agus bainistíochta riosca a bhreithniú, is ar Údarás an Chomhlachta Stáit atá an fhreagracht maidir leis na cinntí deiridh sna réimsí seo agus as cinntí deiridh sna réimsí sin a dhéanamh.
- Choinnigh an tÚdarás é fein ar an eolas go hiomlán maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a mbeadh tionchar acu ar an gcomhlacht Stáit agus an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.
- Chinntigh an tÚdarás go bhfuair comhaltaí neamhfheidhmiúcháin, arna gceapadh chuig an Údarás, litir fhoirmeálta ceapacháin ina leagtar amach go soiléir a bhfuiltear ag súil uathu i dtaobh a gcuid ama, tiomantais, seirbhís do choiste agus rannpháirteacht lasmuigh de chruinnithe Údaráis.
- Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, coistí Údaráis den chineál sin a bhunú de réir mar is gá chun cuidiú leis a chuid dualgas a chur i bhfeidhm.

Freagrachtaí an Údaráis

Ceanglaítear ar an Údarás faoi Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.
- Tá an tÚdarás freagrach as taifid leordhóthanacha chuntais a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaos agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus dá ghnáthchomhalta déag atá neamhspleách ar chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Údaráis. An tAire a cheapann iad. Ní bhíonn comhaltaí in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh téarma amháin eile ar a mhéad.

	DATE RESIGNED	DATE APPOINTED
Michael Cawley (Chair)		19/05/2014
Francis Brennan		04/07/2014
Gerard Barron		04/07/2014
Mary Kerins		Athcheaptha le héifeacht ón 04/07/2014
Susan Bergin		Athcheaptha le héifeacht ón 04/07/2014
Noel Kavanagh		Athcheaptha le héifeacht ón 30/06/2015
Gina Murphy		Athcheaptha le héifeacht ón 30/06/2015
Frankie Sheahan	31/03/2017	18/07/2011
Margaret Ryan	27/05/2017	09/10/2013
Bridget Halligan Neville	27/05/2017	03/07/2013
Séan Boland		04/07/2017
Paul Carty		04/07/2017
Jim Deegan	27/05/2017	03/07/2013
Mary Rose Stafford	27/05/2017	03/07/2013

Tá na fochoistí seo a leanas bunaithe ag an Údarás:

- An Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Clárúcháin atá comhdéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad ar fad; tá an misean sonrath, comhdhéanamh, údaráis agus freagrachtaí an Choiste tugtha sna Téarmaí Tagartha, atá ceadaithe ag an Údarás.
- An Coiste Luach Saothair atá comhdéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad ar fad; tá sonraí ar chomhdhéanamh, údaráis agus ar fhreagrachtaí an Choiste leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Choiste, atá ceadaithe ag an Údarás.

- An Coiste Féilte agus Imeachtaí Cultúir, atá faoi láthair comhdéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad ar fad; tá sonraí ar chomhdhéanamh, údaráis agus ar fhreagrachtaí an Choiste leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Choiste, atá ceadaithe ag an Údarás.
- An Coiste Infheistíochta atá comhdéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad ar fad; tá sonraí ar chomhdhéanamh, údaráis agus ar fhreagrachtaí an Choiste leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Choiste, atá ceadaithe ag an Údarás.

	INIÚCHADH, RIOSCA & CLÁRÚCHÁIN	AN COISTE LUACH SAOHAIR	FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ CULTÚIR	AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	ÚDARÁS
	2017	2017	2017	2017	2017
Michael Cawley (Cathaoirleach)				6	5
Francis Brennan					3
Gerard Barron	4				5
Mary Kerins	4		1	5	5
Susan Bergin	5				5
Noel Kavanagh	4			6	5
Gina Murphy		2	1		4
Frankie Sheahan					1
Margaret Ryan			1		2
Bridget Halligan Neville			1		2
Séan Boland					2
Paul Carty					2
Jim Deegan		2			2
Mary Rose Stafford		1			2

Táillí a hiocadh le Comhaltaí an Údaráis don tréimh (féach nóta 11 de na Ráitis Airgeadais)

Athruithe ar Phríomhphearsana

An tÚdarás atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Fáilte Ireland ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Ceapadh Príomhfheidhmeannach nua i mí Feabhra 2017. Tá na sonraí le fáil i nóta 8 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Faisnéis a éilítear a nochtadh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

An tÚdarás atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Fáilte Ireland ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Miondealú ar Shochair Gheartéarmacha Fostaithe (féach nóta 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Costais Chomhairleoireachta (féach nóta 10 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Costais agus Socrúcháin Dlí


Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe ar chostais dlí, ar nósanna imeachta socrúcháin ná eadráin ná idir-réitigh a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Déantar caiteachas a tabhaíodh i leith comhairle ghinearálta a fuair Fáilte Ireland a nochtadh mar chuid de chostais chomhairleoireachta (féach nóta 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais).

Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil (féach nóta 9 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Caiteachas ar Fháilteachas (féach nóta 9 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)


Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Fáilte Ireland go hiomlán leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón bhliain 2017.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis

27th June 2018

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 faoi réir fhorálacha alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn agus atá comhdhéanta de

- ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- ráiteas an ghrúpa ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais
- ráiteas an Údaráis ar an staid airgeadais
- ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar ghnáthscaireanna
- ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasáiochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh leis na ceanglais FRS 102 maidir le haitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le péire dá scéimeanna pinsin dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar ioncam agus chaiteachas don bhliain 2017 de réir FRS 102.

Bunús leis an tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Nochtar i ráitis airgeadais an ghrúpa oibleagáidí sochair scoir iomlána amhail an 31 Nollaig 2017 €279 milliún (2016: €275 milliún).

Mar a mhínear níos iomláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás ceithre scéim pinsin. Tá ráthaíochtaí reachtúla i bhfeidhm maidir le péire de na scéimeanna maidir le híocaíochtaí pinsin a mhaoiniú amach anseo. Mar thoradh air sin, aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha €113 milliún sna ráitis airgeadais i leith na scéimeanna sin.

Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí nó scéim aoisliúntais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA). Ghlac an tÚdarás an cur chuige seo ar an mbonn go bhfuiltear ag meas nár tugadh ráthaíocht reachtúil ná eile dó i ndáil le maoiniú na scéimeanna sin amach anseo. Is é mo thuairim gur cheart sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha a aithint i ndáil leis na scéimeanna pinsin sin de réir chleachtas chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

Foráiltear le hAlt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) íocaíochtaí pinsin mar a bheidh siad dlite a mhaoiniú i bhfoirm íocaíochtaí ó Phríomh-Chiste an Stáitchiste nó ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil chun na críche sin.

Is íomchúí go n-aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an NTDA bunaithe ar

- an bhforáil reachtúil do scéim a bhunú
- cleachtas agus beartas seanbhunaithe i ndáil le hoibleagáidí sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- mar gheall go n-éilíonn an scéim ranníoca ó fhostaithe, agus
- nádúr an phróisis maidir le meastacháin bhliantúla faoina socraítear maoiniú Stáit don Údarás.

Dá mbeadh sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha aitheanta ag an Údarás i ndáil leis an scéim aoisliúntais NTDA, nochtadh ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais glansócmhainní €38.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2017 (2016: €41 milliún), nochtadh ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais glansócmhainní €36.4 milliún (2016: €39 milliún) agus nochtadh cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa 2017 barrachas €100,000 milliún don bhliain (2016: easnamh €1.3 milliún).

Thug mé faoin iniúchadh ar ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na Caighdeáin sin i bhfoscúibhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tá na freagrachtaí eiteiciúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údarás agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscúibhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2018

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Admhaím, thar ceann an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta an fhreagracht atá ar an Údarás a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Glactar san áireamh san fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca go leibhéal infhulaingthe a bhainistiú seachas é a chur as an áireamh ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Údaráis a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu agus ar duine acu Cathaoirleach an Choiste. Tháinig an ARC le chéile ceithre huairte le linn na bliana 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an ARC.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na ról agus freagrachtaí atá ar bhaill foirne maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laig rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an ARC an clár a athbheithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithe. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá fianaise ann ar gach príomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándaíl na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe a bhaineann le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí lasmuigh go bhfuil rialú agus monatóireacht leordhóthanach á dhéanamh ar cheadú deontas agus athbhreithniú á dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú go ndéantar maoiniú deontas a chur i bhfeidhm chun na críche dá bhfuil sé beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mbainistíocht agus an tÚdarás in am trátha.

Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta agus,
- déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

“Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun comhlíontacht leis na rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú agus gur chloí an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta leis na nósanna imeachta sin sa bhliain 2017 seachas i gcás caiteachas €117,600 ar thrí chonradh

- Bhain conradh amháin (€58,300) le hionad a roghnú d’imeacht sa bhliain 2017 agus nach raibh próiseas iomaíochta i gceist. Tá tairiscint ar bun don imeacht seo sa bhliain 2018.
- Ba thionscadal píolótach conradh amháin (€30,000) a bhain le hanailísíocht sonraí. Déanfaidh an t-údarás an tionscadal píolótach a mheas agus cuirfead próiseas tairisceana iomaíoch ar bun má leantar leis an tionscadal.
- Íocadh €29,400 le soláthróir a d’fhorbair láithreán gréasáin ar ann dó le blianta go leor. Leanann an soláthróir ag tacú le hóstáil an láithreáin ghréasáin fad atá láithreán nua á fhorbairt.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Cuireann obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha, an ARC a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach san Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017 an 7ú Feabhra 2018.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh


Le linn 2016 agus 2017, d'aithin an Bhainistíocht earráidí luach €79k ar an iomlán maidir le seachfhoinsíú fheidhm phárolla an Údaráis.

Bhain na hearráidí a tharla thar roinnt blianta le:

- A) Saoire Mháithreachais – nár áiríodh sa ríomh PRD
- B) Saoire Uchtála – nár áiríodh sa ríomh PRD
- C) mar a caitheadh le hasbhaintí leanúnachais ioncaim chun críocha PRSI agus USC.


Cuireadh na baill foirne lenar bhain na hearráidí ar an eolas agus tá pleananna aisíocaíochta anois curtha i bhfeidhm.

Tá athbhreithniú iomlán ar shaolré an phróisis párolla déanta agus tá beart ceartaitheach glactha chun a chinntiú go mbeidh an próiseas, ag dul chun cinn, ag comhlíonadh gach oibleagáid cánach agus dlí.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis

27th June 2018


Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim

don an Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000 Athrangaithe
IONCAM:			
Deontais Oireachtais	2	120,753	119,551
Ioncam Eile	3	5,168	6,599
KGCL Property Holdings Ltd - Ioncam ó Chíos	16	17	17
Glan-Mhaoiniú larchurtha do shochair scoir sa bhliain	26 D	1,733	2,336
		127,671	128,503
AISTRÍÚ Ó/(CHUIG) C(H)ÚLCISTÍ CAIPITIL	20	2,718	(1,191)
Ioncam Iomlán		130,389	127,312
CAITEACHAS:			
Speansais Oibríochta Ghinearálta:			
Cláir Aitheantais (Slí an Atlantaigh Fhiáin, BÁC, Sean-Oirthear na hÉireann)	4	22,235	23,727
Cláir Eile (Turasóireacht Gnó, Margaíocht Baile)	5	8,539	9,504
Ag tacú le Gníomhaíochtaí agus Cumasóirí	6	16,511	15,868
Forbairt Oibríochtaí	7	12,141	11,350
Pá	8	19,407	19,047
KGCL Property Holdings Ltd - Costais Riaracháin	16	69	60
Íocaíochtaí Deontais Turasóireacht Éireann Teoranta	2	41,857	39,536
Costais Sochair Scoir	26 A	10,330	10,116
Caiteachas Iomlán		131,089	129,208
(Easnamh) roimh Chánachas	(700)	(700)	(1,896)
Cánachas	-	-	-
(Easnamh) tar éis Cánachais	(700)	(700)	(1,896)
Leas mionlaigh - KGCL Property Holdings Ltd	13	13	11
(Easnamh) tar éis leas neamh-urlámhais	(687)	(687)	(1,885)


Tá athrangú déanta ar mhéideanna áirithe airgid a bhí ann blianta roimhe seo d'fhonn is go mbeidh siad ag teacht leis an gcur i láthair ar an tréimhse reatha. Níl aon tionchar ag an athrangú sin ar na torthaí atá tuairiscithe.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis


27th June 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach


don an Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
(Easnamh) don Bhliain		(687)	(1,885)
GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHTA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Gnóthachan/(cailteanas) ó thaithí ar dhliteanais phinsin na scéime	26 B	899	(571)
(Cailteanas) de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana	26 B	(2,213)	(27,094)
(CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		(1,314)	(27,665)
COIGEARTÚ AR GHLAN-MHAOINIÚ IARCHURTHA DO SHOCHAIR SCOIR	26 B	(66)	10,024
Coigeartú maidir le hlarchur Pinsin Ghlan		(1,380)	(17,641)
Cailteanas Aitheanta Iomlán i leith na Bliana		(2,067)	(19,526)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach
27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis
27th June 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2017


	Notaí	2017 €'000	2016 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	12	24,849	27,638
Sócmhainní Inláimhsithe	13	2,486	2,457
Sócmhainní Airgeadais	15	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	14	176	176
		27,571	30,331
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		45	35
Infháltais	17	1,148	709
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	18	50,720	47,186
		51,913	47,930
NITHE INÍOCTHA : MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN	19	41,144	37,324
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		10,769	10,606
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		38,340	40,937
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir	26 D	113,423	111,757
Oibleagáidí Sochair Scoir	26 C	(278,681)	(274,814)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(126,918)	(122,120)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		(153,060)	(150,993)
Cuntas Caipitiúil	20	25,664	28,382
		(127,396)	(122,611)
LEAS MIONLAIGH		478	491
		(126,918)	(122,120)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis


27th June 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2017


	Notáí	2017 €'000	2016 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	12	22,944	25,691
Sócmhainní Inláimhsithe	13	2,486	2,457
Sócmhainní Airgeadais	15	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	14	176	176
		25,664	28,382
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		45	35
Infháltais	17	1,147	709
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	18	50,708	47,174
		51,900	47,918
NITHE INÍOCTHA : MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN	19	41,128	37,318
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		10,772	10,600
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		36,436	38,982
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú Iarchurtha Do Shochair Scoir	26 D	113,423	111,757
Oibleagáidí Sochair Scoir	26 C	(278,681)	(274,814)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(128,822)	(124,075)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Retained Revenue Reserves		(154,486)	(152,457)
Capital Account	20	25,664	28,382
		(128,822)	(124,075)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis


27th June 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017


	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €'000	Caipiteal €'000	NCI €'000	IOMLÁN €'000
Amhail an 1 Eanáir 2016	(131,467)	27,191	502	(103,774)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe do 2016	(1,896)	-	(11)	(1,907)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL do 2016	11	-	-	11
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitil a Mhaoiniú	-	4,270	-	4,270
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	-	(2,975)	-	(2,975)
Diúscairt Sócmhainní	-	(4)	-	(4)
Maoin Infheistíochta a díoladh	-	(100)	-	(100)
Ioncam Cuimsitheach Eile - pinsean	(17,641)	-	-	(17,641)
Amhail an 31 Nollaig 2016	(150,993)	28,382	491	(122,120)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe do 2017	(700)	-	-	(700)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL do 2017	13	-	(13)	-
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú	-	2,648	-	2,648
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní nó muirear airgeadais	-	(3,401)	-	(3,401)
Diúscairt Sócmhainní	-	(1,965)	-	(1,965)
Ioncam cuimsitheach eile - pinsean	(1,380)	-	-	(1,380)
Amhail an 31 Nollaig 2017	(153,060)	25,664	478	(126,918)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis


27th June 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017


	Notáí	2017	2016
		€'000	€'000
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríocháin			
(Easnamh) tar éis Leas Neamh-Urlámhais		(687)	(1,885)
Leas Mionlaigh		(13)	(11)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir		820	625
Dímheas Maoine, Innealra agus Trealaimh		1,611	1,670
Dímheas ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe		1,832	1,347
Díscríobh ar Mhaoin, ar Innealra agus ar Threalamh		26	4
Aistriú chuig/(ó) Cuntas Caipitiúil	20	(2,718)	1,191
Ús Bainc Faighte		2	7
Caillteanais ar Mhaoin, Innealra agus Trealamh a Dhíol		1,939	-
(Ardú)/ Laghdú ar Infháltais	17	(439)	24
Ardú/ (Laghdú) ar Infháltais	19	3,820	1,143
(Ardú) / Laghdú ar Fhardail		(9)	(14)
Glan-Insreabhadh/Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		6,184	4,101
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Innealra agus Trealamh a Fháil		(787)	(1,286)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil		(1,861)	(2,984)
Fáltais ó Mhaoin Infheistíochta a Dhíol		-	100
Fáltais ó Dhíolacháin Mhaoine, Innealra agus Trealaimh		-	-
Glan-Insreabhadh/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		(2,648)	(4,170)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Ús Bainc Faighte		(2)	(7)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhachtaí oibríochta		(2)	(7)
Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim		3,534	(76)
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		47,186	47,262
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		50,720	47,186

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 28.



Michael Cawley
Cathaoirleach

27th June 2018



Gina Murphy
Comhalta Údaráis

27th June 2018

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚ CUNTASAÍOCHTA

Bunaíodh Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta, 2003. Is iad príomhfheidhmeanna Fáilte Ireland, arna sonrú sa reachtaíocht:

Turasóireacht sa stát a spreagadh agus tacú léi agus le fiontair agus le tionscadail chuige sin.

Earcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt daoine óga a spreagadh agus tacú leo chun críocha fostaíochta i dtionscal na turasoíreachta.

Taighde agus pleanáil a chur chun cinn agus dul ina mbun.

Cláir áiseanna lóistín a bhunú agus a choinneáil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Fáilte Ireland.

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Tá ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), faoi mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmháiodh na ráitis airgeadais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

BUNÚS AN ULLMHAITHE

Ullmháiodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa chruth atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta, "2003. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a cheaptar a bheith bainteach le "ráitis airgeadais Fáilte Ireland Déantar figiúirí 2016 athrangaithe nuair is gá de réir na gceanglas a leagtar amach sa gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith na tréimhse sin. Déantar gach Deontas Oireachtais do Thurasóireacht Éireann Teoranta a mhaoiniú trí Fáilte Ireland. Eascraíonn ioncam ó dheontais iarchurtha nuair nach dtabhaítear caiteachas a bhí beartaithe i ndáil leis na deontais a fuarthas faoi dheireadh na bliana.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht ar an deontas. Eascraíonn ioncam réamhíochta nuair a fhaigheann Fáilte Ireland ioncam ó tháillí roimh an tréimhse lena mbaimeann sé.

IONCAM EILE

Aithnítear an t-ioncam uile, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha gur chun leas an Ghrúpa a rachaidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an idirbheart agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go cruinn. Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn líne díri le linn an léasa ábhartha.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Meastar an euro a bheith ar an airgeadra ionadaíoch agus láithritheach atá ag an ngrúpa agus ag an máthairchuideachta toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn sé.

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Déantar gnóthachain agus cailteanais mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadra coigríche a aistriú go euro de réir rátaí malartaithe dháta an tuairiscithe agus déantar gnóthachain agus cailteanais a eascraíonn as an méid sin a chur san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain.

MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Tugtar Maoin, Innealra agus Trealamh faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímhéas carntha agus aon chailteanais laige charntha. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus í a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist ag an lucht bainistíochta.

Cuireann an chuideachta le méid iompair míre sócmhainní seasta an costas a bhaineann le rud a chur in áit cuid den mhír sin nuair a thabhaítear an costas sin, má cheaptar go mbainfidh an chuideachta tairbhe as an bpáirt ionaid de réir a chéile san aimsir amach anseo. Déantar deisiúcháin agus cothabháil a chur in aghaidh an Ráitis maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina n-eascraíonn siad.

Gearrtar dímhéas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímhéasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne díri ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos.

Talamh	0%
Trealamh Ríomhaireachta	33 ¹ / ₃ % Líne dhíreach
Troscán agus Feistis	20% Líne dhíreach
Trealamh Ginearálta	20% Líne dhíreach
Áitribh	2% LNíos isle ná an méid cothrom nó más airde an chuid atá fágtha den Léas

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar na modhanna dímheasa, agus déantar athrú orthu más cuí, nó má tá an chuma air go mbeidh athrú mór ann ón dáta deiridh tuairiscithe.

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais laige charntha, áit a bhfuil an tsócmhainn ar fáil don úsáid atá ceaptha di. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist. Sa chás go mbaineann costais le sócmhainn nach bhfuil ar fáil don úsáid atá ceaptha di, coinnítear an costas ag an gcostas stairiúil agus ní dhéanfar í a dhímheas go dtí go mbeidh sí ar fáil don úsáid atá ceaptha di.

Gearrtar dímheas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímheasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne díri ar an ráta bliantúil $33^{1/3}\%$.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar mhodhanna dímheasa, agus déantar athrú orthu más cuí, nó má tá an chuma air go mbeidh athrú mór ann ón dáta deiridh tuairiscithe.

Tá sócmhainní inláimhsithe an Údaráis comhdhéanta de na costais inchurtha dhíreacha ar fad is gá chun an tsócmhainn a chruthú, a tháirgeadh agus a chur sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist ag an lucht bainistíochta. Áirítear sna sócmhainní sin costais i ndáil le forbairt ar an láithreán gréasáin, grianghraif/físeáin, ábhar cruthaitheach agus ábhar.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus luaitear.

Déantar maoin infheistíochta ar féidir luach cothrom a thomhais go cruinn lena n-aghaidh gan costas nó iarracht mhíchuí ar bhonn leanúnach, a thomhas ar luach cothrom gach bliain agus aithnítear aon athrú atá tagtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíochta atá ar díol a athluacháil ag an bpraghas a cheaptar a dhíolfar iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Ar na sócmhainní airgeadais tá leasanna cothromais in eintitis áirithe faoi mar a shonraítear i Nóta 15. Taispeántar na sócmhainní seo de réir luachala óir níl luacháil praiticiúil de bharr chineál na n-infheistíochtaí agus de bharr

- nach bhfuil aon phraghsanna tugtha do shócmhainní den chineál céanna ar mhargadh gníomhach,
- nach bhfuil aon phraghsanna d'idirbhearta a rinneadh le déanaí ar shócmhainní den chineál céanna agus (c) nach bhfuil aon bhealach le praghas idirbhirt a chinneadh bunaithe ar mhalartú ar neamhthuilleamaí a bhaineann

le gnáth-thosca gnó. Lena chois sin, rachadh an costas a bhaineann leis na sócmhainní a luacháil thar an tairbhe a bhainfí as agus níl sé ar intinn ag aon duine na hinfheistíochtaí seo a chur de dhroim seoil san aimsir amach anseo.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistriú idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta a chothromú, lena n-áirítear léasanna airgeadais, chuig glanluach leabhair a sócmhainní seasta.

EARRAÍ INFHAIGHTE

Níl mír mhór airgeadais ag baint le hearraí infhaighte agus tomhaistear iad de réir a bpraghsais idirbhirt nuair a aithnítear ar dtús iad. Déantar earraí infhaighte a athbhreithniú le haghaidh táscairí laguithe agus díscríobhtar drochfhiacha sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe.

Déantar athbhreithniú ar shuim ghlanluacha na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ar gach dáta tuairiscithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú, aithnítear cailiúint lagaithe sa Ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Cuirtear cíos a híocadh faoi léasanna oibríochta chun dochair an Ráitis maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe ar bhonn méid chothroim le linn thréimhse an léasa.

SOCHAIR D'FHOSTAITHE

(A) Sochair Scoir

Tá ceithre scéim shainmhínithe sochair ag Fáilte Ireland.

Maoinítear trí cinn acu gach bliain ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranniocaíochtaí a baineadh ó thuarastail ball foirne. Is í an Scéim Shochair Scoir Seirbhíse Poiblí Aonair an ceathrú scéim agus déantar na ranniocaí ar fad a bhailítear a chur ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil.

Aithníonn Fáilte Ireland sócmhainn atá comhionann leis an dlíeanas iarchurtha pinsin i ndáil le dhá scéim, áit a bhfuil gealltanais dlíthiúil go gcuirfidh an tOireachtas cistí ar fáil chun pinsin a mhaoiniú ar bhonn leanúnach. Sa chás nach bhfuil gealltanais dlíthiúil ann airgead a sholáthar chun íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú amach anseo, ní aithníonn Fáilte Ireland sócmhainn aiscurtha pinsin. Tá na sonraí leagtha amach thíos.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Scéim pinsin neamh-mhaoinithe (iar-CERT) agus plean pinsin ranníoca agus sochair bháis agus Scéim neamh-mhaoinithe na nEagraíochtaí Réigiúnacha.

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a léiriú. Faoi Acht, sa chás nach bhfuil comhiomlán comhaltá agus ranníocaíochtaí Fáilte Ireland chuig an scéim leordhóthanach chun freastal ar oibleagáidí Fáilte Ireland a n-oibleagáidí a íoc de réir na scéime, slánóidh an tAire Airgeadais aon easnamh a eascraíonn as cistí arna soláthar ag an Oireachtas.

Scéim Aoisliúntais Neamh-mhaoinithe an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

In 2014, lorg an tÚdarás dearbhú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go mbeadh forálacha comhchosúla leo sin san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ag feidhmiú maidir le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

